Cultural Connections

Strategic Plan For Cultural Services Division
Donegal County Council
2009 – 2014



comhairle chontae dhún na ngall
donegal county council

The mission of the Cultural Services Division of Donegal County Council is to enrich life, enhance sense of identity, increase cultural and social opportunities and conserve cultural inheritance for present and future generations by maintaining and developing Library, Arts, Museum, Archive and Heritage Services.



Lough Veagh and The Derryveagh Mountains, Glenveagh National Park, Co. Donegal.
Photo: Joseph Gallagher

2 Réamhráiteas
3 Brollach
4 Réamhrá
5 Cuid 1 Cur Síos ar Rannán na Seirbhísí Cultúrtha
11 Cuid 2 Athbhreithniú 2001-2008 Buaicphointí is Dul Chun Cinn
27 Cuid 3 Timpeallacht Oibriúcháin, Polasaí agus Comhthéacs Reachtach
35 Cuid 4 Comhairliúchán agus Ullmhúchán an Phlean
41 Cuid 5 Ráiteas Straitéise - Bunchuspóir, Spriocanna, Aidhmeanna agus Gníomharthaí
61 Cuid 6 Cás-Staidéir
71 Aguisíní

Réamhráiteas

Is í seo an chéad straitéis cultúrtha do Rannán na Seirbhísí Cultúrtha i gComhairle Chontae Dhún na nGall, straitéis ina n-oibríonn na réimsí gaolmhara faoi leith – na Leabharlanna, na hEalaíona agus an Oidhreacht – le chéile chun cúig sprioc choitianta a bhaint amach.

Tá cur chuige réamhghníomhach ag Comhairle Chontae Dhún na nGall i ndáileadh soláthar seirbhísí cultúrtha sa Chontae. Tá sí i gcónaí ag dul chun tosaigh ar mhaithe le seirbhísí a neartú, tionscnaimh úrnua a bhunú, deiseanna éagsúla a chruthú agus a cheapadh, fá coinne freastal ar riachtanais atá á nochtadh. Tá aitheantas leitheadach tuillte ag Dún na nGall ar son an cur chuige seo agus tá rún daingean ag an Chomhairle leanúint de bheith ar thús cadhnaíochta agus tacaíocht a thabhairt d'fhorbairtí sa réimse tábhachtach seo.

Tógfaidh an straitéis seo ar an obair atá déanta go nuige seo i dtaca le láidriú an cur chuige comhpháirtíochta i seachadadh seirbhísí, 's é sin an chomhpháirtíocht idir réimsí ar leith den Rannán Seirbhísí Cultúrtha é féin agus an comhpháirtíocht leis na hÚdaráis Áitiúla eile i nDhún na nGall maraon le heagraíochtaí eile sa chontae, le ranna Rialtais agus, ar ndóigh, leis na pobail iad féin.

Go dtí seo, tá cuntas teiste Chomhairle Chontae Dhún na nGall i réimse an chultúir thar a bheith maith agus is cúis bróid é don Chomhairle. Is acmhainn luachmhar do phobal Dhún na nGall an cultúr a bhí ann san am a chuaigh thart, comh maith leis an an gcultúr atá againn anois agus a bheas againn sa todhchaí.

Tá an tSeirbhís Leabharlainne ag feidhmiú sa chontae ón bhliain 1922. Bhí Dún na nGall ar cheann de na chéad údaráis áitiúla a cheap Oifigeach Ealaíon. D'oscail Músaem an Chontae sa bhliain 1988. Cuireadh tús le Féile Ealaíne an Earagail sa bhliain 1989 agus d'oscail Amharclann an Ghrianáin sa bhliain 1999. Sna cúig bliana déag atá caite, rinneadh leathnú mór ar an tSeirbhís Leabharlainne; bunaíodh an tSeirbhís Cartlainne, an Oifig Oidhreachta agus an Oifig Ealaín Poiblí, agus ar na mallaibh, tógadh áis úrnua, an tlonad Cultúrtha Réigiúnach.

Tá an Chomhairle comh tiomanta cheanann céanna anois, i gcomhtheacs na dúshláine a chuireann an ghéarchéim eacnamaíochta seo os ár gcomhair, do sheirbhísí poiblí d'ardchaighdeán a chur ar fáil ar fud an chontae agus don tábhacht atá le forbairt leanúnach a dhéanamh ar Rannán na Seirbhísí Cultúrtha, is a bhí sí cheanna le linn an ré na rathúlachta a bhí orainn go dtí le déanaí.

Cuireann muid fáilte roimh an plean straitéisach, *Ceangail Cultúrtha,* do Rannán na Seirbhísí Cultúrtha agus táimid ag súil leis an comhoibriú a chur i ngníomh go héifeachtach.

Michael McLoone
Bainisteoir Chontae Dhún na nGall

Councillor Brendan Byrne
Méara Chontae Dhún na nGall

cur chuige réamhghníomhach
proactive approach

ar thús cadhnaíochta
to the fore

cur chuige comhpháirtíochta
partnership approach

cuntas teiste
track record

Brollach

Tá soláthar seirbhísí cultúrtha ina fheidhm lárnach de Comhairle Chontae Dhún na nGall agus de Rannán Seirbhísí Cultúrtha na Comhairle trína gcuirtear ar fáil réimse de na seirbhísí sin ar fud an Chontae. Baineann na seirbhísí le leabharlanna, músaeim, cartlanna, cur chun cinn na n-ealaíon, ealaín phoiblí agus le hoidhreacht. Cuireann an Chomhairle seirbhísí ar fáil a bhuí do thograí eiseamláireacha, macasamhail an tIonad Cultúrtha Réigiúnach, trína ghréasán leabharlainne agus trí thionscnaimh nuálacha cosúil leis an chlár for-rochtana, Taobh Tíre.

Tá gach gné den chultúr thar a bheith tábhachtach to phobal Dhún na nGall, ag cur le cáilíocht na beatha agus ag tabhairt acmhainn luachmhar dúinn. Cuireann an plean seo múnla ar fáil dúinn a threoróidh ár ngníomhaíochtaí sna blianta amach romhainn ar mhaithe leis an acmhainn seo a chomhdhlúthú agus tuilleadh forbraíochta a dhéanamh uirthi.

Rinneadh forbairt ar an phlean i ndiaidh comhairliúchán leitheadach leis an phobal, le páirtithe leasmhara i ngníomhaireachtaí eile, le comhaltaí tofa agus le foireann an Rannáin Seirbhísí Cultúrtha. Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl do gach uile dhuine a bhí rannpháirteach sa phróiseas seo a chinntíonn ábharthacht agus fiúntas.

Táimid ag súil go mór le bheith ag comhoibriú le gach rannán sa Chomhairle, lenár bpáirtnéirí i mBord Forbartha an Chontae agus leis an phobal ina iomláine ar mhaithe leis an obair seo a chur chun cinn.

Mícheál Uas. Ó hÉanaigh
Stiúrthóir Sheirbhísigh
Stiúrthóireacht Pobal, Cultúir agus Fiontair.

toghraí eiseamhláireachta
flagship projects

clár for rochtana
outreach programme

Réamhrá

Léiríonn an straitéis seo an cur chuige atá á ghlacadh ag Rannán na Seirbhísí Cultúrtha i gComhairle Chontae Dhún na nGall maidir lena sholáthar leanúnach seirbhíse sa Chontae a chothabháil agus a fheabhsú agus sonraítear aidhmeanna an Rannáin i ndáil le seachadadh réimse seirbhísí agus tograí a mbeifear ina mbun i rith na tréimhse 2009 go 2014.

Tá soláthar Seirbhísí Cultúrtha thar a bheith tábhachtach do Chomhairle Chontae Dhún na nGall ar mhaithe lena chinntiú go mbeidh an caighdeán maireachtála is fearr agus is féidir ar fáil do phobal Dhún na nGall.

Le linn don phlean straitéiseach deireanach do Sheirbhísí Cultúrtha a bheith i bhfeidhm *(Saol agus Saoithiúlacht 2001 - 2004)*, tharla athruithe suntasacha i dtaca le modhanna nua foghlama agus rochtain eolais, tháinig borradh mór i ngníomhaíochtaí ealaíon sa Chontae, agus tháinig fás ar shuim na ndaoine inár n-oidhreacht agus ina bhfiosracht faoin am a chuaigh thart. Lena chois sin, d'éirigh daoine níos feasaí faoin tábhacht eacnamaíoch agus deise atá bunúsach inár gcultúr, de thairbhe go gcuireann an cultúr buntáiste eacnamaíoch ar fáil go díreach a bhuíochas don fhostaíocht a chuireann an earnáil ar fáil, trí Thurasóireacht Chultúrtha agus trína ról mar chinntitheach dearfa i gcomhráite ag baint le hinfheistíocht isteach nó le cinntí a dhéanann daoine maidir le cónaí agús saothrú i gceantar faoi leith. Tá fás ag teacht fosta ar an tuiscint atá ann faoi fiúntas rannpháirtíochta i ngníomhaíocht chultúrtha agus an mhaitheas gurb fhéidir lena leithéid a dhéanamh do cháilíocht beatha an phobail.

Mar fhreagra ar na hathruithe seo, beidh Rannán na Seirbhísí Cultúrtha ag tógáil ar a chlú do sholáthar seirbhíse trína sheirbhísí bunúsacha a fheabhsú agus a chur in oiriúint d'fhorbairtí san earnáil, do dheiseanna úra agus d'athruithe san éileamh. Déanfar forbairt fosta ar chláracha agus ar sheirbhísí úrnua. Cuirfidh an straitéis seo bonn ar fáil do na pleananna oibre go léir laistigh de na Seirbhísí Cultúrtha i gComhairle Chontae Dhún na nGall.

Tá an doiciméad roinnte ina chúig chuid, mar a leanas:

Cuid 1, ina bhfuil cur síos ar Rannán na Seirbhísí Cultúrtha agus a áit sna struchtúir eagrúcháin i gComhairle Chontae Dhún na nGall;

Cuid 2, ina ndéantar athbhreithniú ar na dul chun cinn is suntasaí san Rannáin ó 2001-2008

Cuid 3, ina ndéantar scrúdú ar chomhthéacs an pholasaí trína bhfeidhmíonn an Rannán agus ina bhfuil an plean suite;

Cuid 4, ina mínítear an próiseas a leanadh in ullmhúchán an phlean;

Cuid 5, ina leagtar síos na cuspóirí, spriocanna agus gníomhaíochtaí don Rannán agus na bearta a úsáidfear le monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn;

Cuid 6, ina bhfuil roinnt cásstaidéar a léiríonn gníomhaíochtaí an Rannáin.

Tá an Clár Caipitiúil atá beartaithe, agus Léarscáil a thaispeánann an dóigh a ndáiltear gníomhaíochtaí an Rannáin ar fud an Chontae, le fáil sna hAguisíní.

seachadadh
provision

rochtain
access

earnáil
sector

chinntitheach dearfa
positive determinant

spriocanna
goals

Cuid 1

Cur Síos ar Rannán na Seirbhísí Cultúrtha

Cuid 1
Cur Síos ar Rannán na Seirbhísí Cultúrtha

Breezy Willow i mbun a ceardlann *Scéalaíocht is Báicéireacht*, mar chuid de Wainfest 2005.
Griangraf: An tSeirbhís Leabharlainne

Cuireann Rannán na Seirbhísí Cultúrtha i gComhairle Chontae Dhún na nGall seirbhísí ar fáil don phobal i dtrí réimse leathan:

- Leabharlanna
- Ealaíona
- Oidhreacht

Feidhmíonn an Rannán laistigh de sheacht réimse ar leith den soláthar seirbhíse, mar a leanas:

- Leabharlanna Poiblí
- Seirbhís Ealaíon an Chontae
- Ealaín Phoiblí
- An tIonad Cultúrtha Réigiúnach
- Músaem an Chontae
- Cartlann an Chontae
- Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall

Sa Bhuiséad a ghlac Chomhairle Chontae Dhún na nGall leis don bhliain 2009, bhí soláthar de €6,968,542 curtha i leataobh do chaiteachas ioncaim faoi Sheirbhísí Cultúrtha, 'sé sin €5,732,601 fá coinne caiteachas reatha agus €1,235,941 fá coinne tacú seirbhisí.

Leabharlanna

A bhuíochas de sheirbhís leabharlainne agus faisnéise nua-aimseartha a chur ar fáil, tá an Chomhairle ag iarraidh freastal ar an riachtanas d'oideachas ginearálta, d'eolas agus do chaitheamh aimsire, chun tacú leis an éileamh ar eolas agus chun spéis an phobail i léitheoireacht agus sna healaíona a shásamh.

Is acmhainn atá ann don Fhoghlaim agus don Eolas, don Chultúr agus don tSamhlaíocht, do Pháistí agus do Dhaoine Óga. De thairbhe na seirbhíse leabharlainne poiblí, tá sé mar aidhm ag Comhairle Chontae Dhún na nGall a mbeatha a shaibhriú do gach uile dhuine sa phobal agus a ndeiseanna sóisialta agus cultúrtha a mhéadú.

Tá gréasán leabharlainne bunaithe ag an Chomhairle ar fud fad an Chontae: an Lárleabharlann i lár báire, 5 leabharlann pobail (Bun Cranncha, Bun Dobhráin, Carn Domhnach, Baile na nGallóglach agus Na Rosa) agus 11 brainsleabharlann ar fud an Chontae (Bealach Féich, Béal Átha Seanaidh, Baile Dhún na nGall, Leifear, Ráth Mealtain, Na Cealla Beaga, Gaoth Dobhair, Na Gleanntaí, Ráth Bhóth, Cluain Maine, agus Bun an Phobail. Tá pointí for-rochtana Taobh Tíre i mBaile na Finne, ar an Fhál Carrach, i nOileán Thoraí, in Árainn Mhór, i Mín an Aoire, i gCill Chartha, i bPaiteagó, i Míobhaigh, san Ionad Lae i dTrá a' Locha, i bhFán a' Bhualtaigh, i mBaile Suingean, agus i Leitir Ceanainn (2 láithreán). Freastalaíonn seirbhís leabharlainne soghluaiste trasteorann ar oirthear an Chontae (Mainéar Uí Chuinneagáin, Droim Eochaill, An Carraigín, Cill Fhéich, Baile Nua Uí Chuinneagáin, Beart, Bun na hAbhann, Ceann an Droichid, Port Halla, Baile Suingean agus Magh). Tá an tseibhís i Leifear curtha ar fáil i gcomhar le Córas Leabharlanna Tuaisceart na hÉireann.

Le cois seirbhísí iasachta, cuirtear réimse seirbhísí eile ar fáil trí chóras na leabharlainne, ina measc:
- Seirbhísí do Pháistí
- Seirbhísí Idirlín/E-leabharlainne
- Seirbhísí Tagartha agus Faisnéise
- Acmhainní Closamhairc
- Clár d'imeachtaí bliantúla ar fud an Chontae.
- Staidéir Dhún na nGall

pointí for rochtana
outreach points

Luminarium ag Féile Ealaíne an Earagail 2001. Griangraf: Declan Doherty

Seirbhís Ealaíon an Chontae

Feidhmíonn an tSeirbhís Ealaíon i gcomhphairtíocht le réimse leathan grúpaí ealaíon, páirtithe leasmhara oideachasúla, grúpaí agus gréasáin pobail agus le gníomhaireachtaí forbartha ar mhaithe leis an earnáil ealaíon áitiúil a neartú agus teagmháil an phobail leis na healaíona a fheabhsú agus a chur chun cinn. Lena chois sin, tá clár do shaothair nua agus do choimisiúin a reáchtáil ag an tseirbhis, clár a dhíríonn go príomha ar fhorbairt ealaíontóirí proifisiúnta atá lonnaithe go háitiúil.

Ba í Comhairle Chontae Dhún na nGall a thionscnaigh Féile Ealaíne an Earagail sa bhliain 1989, féile atá anois a riar go neamhspleách ag Comhlacht Bainistíochta Fhéile Ealaíne an Earagail Teo. Is í seo príomhfhéile an Iarthuaiscirt a bhíonn ar siúl ar fud Thuaiscirt agus Iarthair Dhún na nGall i lár mí Lúil, ceiliúradh ildisciplíneach bliantúil ar na healaíona. Imeasc na maoinitheoirí príomha, tá Comhairle Chontae Dhún na nGall, An Chomhairle Ealaíon, Údarás na Gaeltachta agus Fáilte Ireland.

D'oscail Amharclainn an Ghrianáin don phobal i mí Dheireadh Fómhair 1999. Is le Comhairle Chontae Dhún na nGall an áis seo, a fhaigheann páirtmhaoiniú on Chomhairle Chontae. Déanann Comhlacht Bainistíochta Amharclann Leitir Ceanainn Teo. bainistíocht ar An Grianán thar ceann na Comhairle. Go nuige seo, tá tairbhe agus pléisiúr faighte ag corradh agus 400,000 lucht éisteachta/féachana as gach cearn den Chontae, agus níos faide ar shiúl, as an amharclann. Bhain na mílte, mílte eile pléisiúr as seónna in-tí na hamharclainne féin, a théann ar chamchuairteanna rialta ar fud fad na hÉireann agus Tuaisceart Éireann.

An tIonad Cultúrtha Réigiúnach

Is i 2007 a osclaíodh an tIonad Cultúrtha Réigiúnach úrnua, ina bhfuil gailearaí, stiúideo pictiúrlainne/amharclainne, trí spás ceardlainne ilchuspóireach, dhá spás oibre do na meáin dhigiteacha agus dhá sheomra do chleachtadh ceoil. Déanann an tIonad coimisiniú ar ghníomhaíochtaí ealaíon de chaighdeán náisiúnta agus idirnáisiúnta lena gcur ar a chlár, ag leanúint ar aghaidh agus ag leathnú ar an Ionad Ealaíon a bhí i Leitir Ceanainn roimhe sin. Sa dóigh sin tá sé ag tógáil ar an cur chuige rathúil a chleacht Ionad Ealaíon Leitir Ceanainn ar fud an chontae agus trasteorann ó bunaíodh é sa bhliain 1995.

Tá an tIonad Cultúrtha Réigiúnach faoi choimirce Chomhairle Chontae Dhún na nGall agus oibríonn sé i gcomhar le páirtithe leasmhara ábhartha, m.sh. Amharclainn an Ghrianáin, Féile Ealaíne an Earagail, Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn agus an Nerve Centre i nDoire. Díríonn sé go speisialta ar na dearcealaíona agus fosta ar cheol, scannánaíocht, na meáin dhigiteacha agus ar scríbhneoireacht chruthaitheach. Tá béim faoi leith ar theagmháil, oideachas agus rannpháirtíocht agus ar chláracha do pháistí agus do dhaoine óga i ngach cearn den chontae.

Oifig Ealaín Poiblí

De thairbhe coimisiniú a dhéanamh ar Ealaín Phoiblí, tugtar deis don phobal dul i dtaithí ar réimse ollmhór d'ealaín chomhaimseartha atá mar pháirt dá ngnáthshaol laethúil, le cois go dtugann sé dúshlán agus deis don ealaíontóir saothar a chruthú agus a chur os comhair lucht féachana an phobail lena mbarúlacha a fháil. Le blianta beaga anuas, tá buiséad iontach maith faighte ag Comhairtle Chontae Dhún na nGall ón *Scéim Céatadán don Ealaín*, a

earnáil ealaíon
arts sector

páirtithe leasmhara ábhartha
relevant stakeholders

forbairt bonneagair
infrastructural development

Radharc as *Amajuba – Like Doves We Rise*, le compántas Farber Foundry na hAifrice Theas, a tháinig go Amharclann an Ghrianáin mar chuid d'Fhéile Ealaíne an Earagail 2005.
Griangraf: Farber Foundry

Memory Boxes - taispeántas ar dóigh ag Musaem an Chontae mar chuid d'Fhéile na Bealtaine 2006.
Griangraf: Músaem Chondae Dhún na nGall

bhuí dá chlár suntasach d'fhorbairt bonneagair. Ceadaíonn sé seo céatadán beag de chostas foriomlán na Comhairle faoi choinne tógáil bóithre, tógáil tithíochta agus infreastruchtúr seirbhísí uisce, a chur i leataobh ar mhaithe le healaín phoiblí a choimisiniú. Ina plean cúig bliana d'Ealaín Phoiblí, dar teideal *Making Shapes*[1] *Public Art in Donegal 2006 – 2010*, tá clár oibre comhordaithe agus uaillmhianach curtha in áit ag an Chomhairle de bharr an bhuiséid seo. Glacadh le cur chuige triarach ina bhfuil soláthar d'Ealaíontóirí Cónaithe, Sainsaothar Comhthéacsach agus Taighde agus Forbairt.

Tá doiciméadú cuimsitheach ar iomlán na saothar a ndearna an Chomhairle coimisiniú orthu go dtí seo, maraon le hiomlán na saothar a bhfuiltear ina mbun san am i láthair, le fáil ar shuíomh gréasáin na hEalaíne Poiblí www.donegalpublicart.ie.

Músaem an Chontae

D'oscail Músaem Chontae Dhún na nGall den chéad uair i 1987. Tá páirt den Mhúsaem lonnaithe sa teach a bhí ag an Mhaor i dTeach na mBocht i Leitir Ceanainn, a tógadh sa bhliain 1843. Cuireadh píosa eile leis sa bhliain 1991.

Déanann an Músaem forbairt agus cothabháil ar bhailiúchán mór bundéantán a bhaineann le stair Chontae Dhún na nGall. Tá dhá ghailearaí taispeánta ann. Gach uile bhliain, bíonn sraith taispeántas sealadach agus imeachtaí coimhdeacha ar siúl sa ghailearaí ar an bhonnurlár. Sa ghailearaí ar an chéad urlár, tá an bhéim ar ghnéithe de scéal Dhún na nGall ón Chlochaois suas go dtí an Fichiú hAois. Tá ceardlann agus áis stórála sa Mhúsaem, áit a ndéantar caomhnú agus stóráil ar dhéantáin de réir na gcoinníollacha timpeallachta fóirsteanacha. Chomh maith leis sin, reáchtálann an Músaem clár bliantúil d'imeachtaí agus gníomhaíochtaí istigh sa Mhúsaem féin agus amuigh in áiteanna eile.

Cartlann Chontae Dhún na nGall

Tá sé d'aidhm ag Cartlann Chontae Dhún na nGall oidhreacht chartlainne an Chontae a bhailiú agus a chaomhnú sa dóigh go mbeidh an t-ábhar ar fáil do na glúnta atá ann anois agus a bheas ann sa todhchaí. Déanann an tSeirbhís Cartlainne bainistiú agus caomhnú ar ábhar cartlainne na n-údarás áitiúil sa Chontae, maraon leis na húdaráis a chuaigh rompu, agus, trí cheannacht nó bronntanais ó dhaoine príobháideacha, faigheann an tseirbhís ábhar cartlainne a bhaineann le stair, oidhreacht nó cultúr an Chontae. Fosta, tá an tSeirbhís Cartlainne freagrach as bainistiú a dhéanamh ar thaifid neamhreatha na n-údarás áitiúil.

I measc na seirbhísí a chuirtear ar fáil don phobal, cuirtear cuidiú ar fáil do thaighdeoirí sa Chartlann, eagraítear taispeántais rialta dá bailiúcháin sa Chartlann féin agus in ionaid eile ar fud an chontae, reáchtáiltear cláracha oideachais agus imeachtaí eile for-rochtana, agus déantar ábhar a fhoilsiú.

Chomh maith leis sin, tionscnaíonn an tSeirbhís Cartlainne réimse tograí, m.sh. *Paca Acmhainní Scoile*, *Paca Acmhainní ar Imeacht na nlarlaí*. Tá an tSeirbhís Cartlainne lonnaithe in Ionad na dTrí Abhainn i Leifear.

Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall

Tháinig Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall i bhfeidhm i dtús báire i mí Iúil 2003, an uair a ceapadh an chéad Oifigeach Oidhreachta do Chontae Dhún na nGall. De réir na hAchta Oidhreachta (1995), sainmhínítear oidhreacht mar nithe seandálaíochta, oidhreacht ailtireachta, fauna, flora, geolaíocht, gairdíní agus páirceanna oidhreachta, déantáin oidhreachta, uiscebhealaí intíre, tírdhreachanna, séadchomharthaí, radharcanna mara, gnáthóga fiadhúlra agus longbhristeacha. Tá Comhairle Chontae Dhún na nGall tiomanta chun "oidhreacht a chur i gceartlár an phobail" i gContae Dhún na nGall, mar atá leagtha síos sa *Phlean Oidhreachta Náisiúnta (2002)*. Is é an ról atá ag Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall ná feasacht a ardú, comhairle a thabhairt, polasaí a mholadh agus dea-chleachtas a chur chun cinn i ndáil le hoidhreacht chultúrtha Dhún na nGall, idir nádúrtha, tógtha agus cultúrtha. Lena chois sin, tá Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall ar thús cadhnaíochta in ullmhúchán agus i gcur i ngníomh Plean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall, i gcomhar le Fóram Oidhreachta Dhún na nGall.

cur chuige triarach
three part strategy

bundéantán
original artefacts

imeachtaí coimhdeachta
associated events

taifid neamhreatha
non current records

imeachtaí for rochtana
outreach events

séadchomharthaí
monuments

gnáththóga fiadhúlra
wildlife habitats

longbhristeacha
shipwrecks

ar thus cadhnaíochta
to the fore

I struchtúr corporáideach Chomhairle Contae Dhún na nGall, tá Rannán na Seirbhísí Cultúrtha lonnaithe laistigh den Stiúrthóireacht Pobail, Cultúir agus Fiontair, mar atá léirithe i bhFigiúr 1 thíos:

Figiúr 1



Figiúr 2


Rannán na Seirbhísí Cultúrtha
Leabharlanna
Na hEalaíona
Oidhreacht
An Lárleabharlann
An tIonad Cultúrtha Réigiúnach
Seirbhís Músaeim
5 Leabharlann Pobail
Oifig Ealaín Poiblí
Seirbhís Cartlainne
11 Brainsleabharlann
Seirbhís Ealaíon an Chontae
Oifig Oidhreachta
Pointí Taobh Tíre Leabharlann Soghluaiste (Roinnte leis an Western Education and Library Board NI)
Amharclann an Ghrianáin
Féile Ealaíne an Earagail

Cuid 2
Athbhreithniú 2001-2008 Buaicphointí is Dul Chun Cinn

Seirbhísí níos fearr do Pháistí agus don Aos Óg

Cuireann leabharlanna seirbhísí leitheadacha ar fáil do pháistí agus do dhaoine óga, ina measc soláthar léitheoireachta den chéad scoth, idir ficsean agus neamhfhicsean. Bíonn Clár Léitheoireachta Samhraidh ar siúl ag gach leabharlann ar mhaithe le grá don léitheoireacht a fhorbairt. Glacann na mílte páistí páirt i ngníomhaíochtaí léitheoireachta ar fud fad an Chontae agus críochnaítear le searmanas duaise air a bhfreastalaíonn na léitheoirí óga in éineacht lena dtuismitheoirí agus a gcaomhnóirí. Bíonn seisiúin *Rhyme Time* ar siúl ag dhá leabharlann dhéag uair sa tseachtain do pháistí réamhscoile agus a dtuismitheoirí. Is é seo modh sármhaith le filíocht, rannta, leabhair agus léitheoireacht a chur in iúl do pháistí óga, agus is dóigh mhaith é fosta le comhrá a spreagadh idir thuismitheoirí agus do chuimsiú sóisialta níos fearr. Tugtar leabhair pictiúr ar iasacht do réamhscoileanna, go háirithe na cinn i gceantair tuaithe, seirbhís atá thar a bheith sásúil do mhúinteoirí réamhscoile. Tá gach uile leabharlann i nDún na nGall in ann freastal ar chuairteanna ó ranganna bunscoile agus iar-bhunscoile.

A bhuíochas de sheirbhís leabharlainne agus faisnéise nua-aimseartha a chur ar fáil, tá an Chomhairle ag iarraidh freastal ar an riachtanas d'oideachas ginearálta, d'eolas agus do chaitheamh aimsire, chun tacú leis an éileamh ar eolas agus chun spéis an phobail i léitheoireacht agus sna healaíona a shásamh.

Forbairt ar Sheirbhísí Idirlín agus Leictreonacha

Tá rochtain ar an Idirlíon agus ar Chóras Bainistíochta Leabharlainne le fáil anois i gcúig leabharlann dhéag i nDún na nGall. Tá an suíomh gréasáin OPAC (catalóg ar-líne) ar fáil fosta. Íoctar síntiúis ar son bunachar sonraí a chuireann rochtain ar fáil chuig cartlanna nuachtán, faisnéis gnó, foclóirí agus ciclipéidí ar-líne maraon le heolas faoi cheol agus ealaín. Cuireann Lárleabharlann Chontae Dhún na nGall seirbhís faisnéise ar-líne, dar teideal *Ask a Librarian*, ar fáil saor in aisce. A bhuíochas don suíomh gréasáin www.borrowbooks.ie tig leat iomlán na gcatalóg i ngach leabharlann phoiblí in Éirinn a chuardach agus nithe/ábhair nach bhfuil ar fáil i nDún na n Gall a aimsiú agus a iarraidh. Tá clár digitithe faoi lán seoil ina bhfuil acmhainní roghnaithe de spéis áitiúil ar fáil ag www.askaboutireland.ie

Soláthar Faisnéise

Chuir Lárleabharlann Chontae Dhún na nGall tús le Seirbhís Faisnéise, *Bunaigh do Ghnó Féin*, sa Lárleabharlann, Leitir Ceanainn, sa bhliain 2002 agus *Inishowen Careers and Business Information Service* i Leabharlann Pobail Bhun Cranncha agus i Leabharlann Pobail Charn Domhnaigh sa bhliain 2003. Tá na leabharlanna seo anois ag freastal ar réimse leathan fiosrúchán i ndáil le slite beatha agus gnó. Lena chois sin, cuireann na leabharlanna go léir infhaighteacht ar fhaisnéis faoi shlite beatha agus gnó ar fáil. Tá méadú mór tagtha i measc an phobail ar an méid daoine atá ag lorg eolas sláinte agus leighis. Dá bharr sin, tá bailiúchán leitheadach ar eolas sláinte curtha le chéile ag Leabharlanna Dhún na nGall. I gcorr bhaile mór, is í an leabharlann an t-aon fhoinse faisnéise do thurasóirí. Tá bileoga agus leabhráin ina bhfuil eolas pobail ar fáil i ngach leabharlann. Seoladh an tIonad Faisnéise Europe Direct sa Lárleabharlann i Leitir Ceanainn sa bhliain 2005. Ó shin i leith, rinneadh clár leathan imeachtaí a sheachadadh ar mhaithe le haird a tharraingt ar Ionad Faisnéise Europe Direct agus díospóireacht agus plé a spreagadh i dtaca le saincheisteanna an Aontais Eorpaigh.

seirbhísí leitheadacha
comprehensive services

bunachar
database

rochtain
access

cuimhne comhchoitianta
communal memory

Forbairt ar Staidéir Áitiúla Dhún na nGall

Feidhmíonn Seirbhís Leabharlainne Dhún na nGall mar chuimhne chomhchoitianta Chontae Dhún na nGall de thairbhe go gcruinnítear agus go gcuirtear ar fáil ábhar de gach uile chineál faoi choinne staidéir áitiúla, agus de thairbhe a bheith ag gníomhú mar ionad do staidéir áitiúla, cuirtear na háiseanna agus an staidéar ar chultúr áitiúil chun cinn go láidir. Tá straitéis curtha i bhfeidhm ag foireann na Lárleabharlainne i Leitir Ceanainn ar mhaithe le bolscaireacht a dhéanamh ar an bhailiúchán suntasach de Staidéir

Áitiúla Dhún an nGall, ina n-áirítear acmhainní do stair teaghlaigh. Tá clár taispeántais, léachtaí agus cuairteanna ó ghrúpaí staire mar chuid den straitéis seo. Tá na leabharlanna eile sa chontae ag leanúint de bheith ag forbairt a mbailiúcháin féin de staidéir áitiúla agus cinntíonn siad go bhfuil na bailiúcháin sin le suim áitiúil ar fáil go furasta do dhaoine fásta, do pháistí agus do dhaoine óga. Rinne roinnt de na leabharlanna éascú ar fhorbairt Ghrúpaí Staire Áitiúla agus eagraíonn na leabharlanna go léir cainteanna agus taispeántais ar ghinealas agus stair áitiúil.

Leathnú ar Bhonneagar Leabharlainne agus Uaireanta Oscailte Níos Fearr

I rith seachtain amháin sa bhliain 2007, taifeadadh thar 6,100 cuairt chuig leabharlanna poiblí i nDún na nGall, méadú 41% ar líon na gcuairteanna chuig leabharlanna Dhún na nGall sa bhliain 2002. Tharla an t-ardú seo mar gheall ar an infheistíocht atá déanta ag an Chomhairle le sé bliana anuas i seirbhísí agus i bhfoirgnimh úra leabharlainne i mBaile na nGallóglach, i gCarn Domhnach agus i mBun Dobhráin, agus fosta de bharr seirbhísí níos fearr agus níos fairsinge atá curtha ar fáil ag na foirne sna leabharlanna go léir. Déanann Taobh Tíre - an toghra thaighde náisiúnta atá lonnaithe anseo i nDún na nGall - freastal ar 14 pobail beaga scoite, iargúlta, trasna an chontae. Fágann sé sin go bhfuil fáil, i láthair na huaire, ar seirbhisí leabharlainne taobh istigh de 10km uathu ag beagnach gach pobail sa chontae.

An tionad Taobh Tíre ag Comharchumann Forbartha agus Fostaíochta Árainn Mhóir, Oileán Árainn Mhóir. Griangraf: An tSeirbhís Leabharlainne

Clár d'Imeachtaí Pobail

Tháinig méadú suntasach mór ar líon na n-imeachtaí pobail a eagraítear i leabharlanna Dhún na nGall, ina measc léachtaí agus cainteanna ar réimse leathan ábhar ó bheachóireacht go logainmneacha, ceardlanna, cruinnithe ag clubanna leabhar, cuairteanna ó údair, ó ranganna agus ó ghrúpaí, cúrsaí amharclainne is ceoil, agus taispeántais. Bíonn roinnt de na himeachtaí sin mar chuid de chláracha féile macasamhail Bealtaine, Seachtain na Gaeilge, Seachtain na hOidhreachta, Seachtain Náisiúnta na gCrann, Seachtain Leabharlann na hÉireann, Féile Ealaíne an Earagail, an clár d'Imeacht na nlarlaí, agus Seachtain na hEolaíochta. Ón bhliain 2001 i leith, tá sé measta go ndearna Leabharlann Dhún na nGall óstáil ar 5,360 imeacht do dhaoine fásta agus do pháistí. Tá na leabharlanna pobail i nDún na nGall thar a bheith tábhachtach i gcur chun cinn cumasú agus féinaitheantas pobail.

Clár Ioncaim na gComhpháirtíochtaí Straitéiseach.

Bhí Clár Ioncaim na gComhpháirtíochtaí Straitéiseach luaite mar cheann de na gníomhaíochtaí i *Saol agus Saoithiúlacht*, ag cur foráil ar fáil le forbairt a dhéanamh ar "comhaontuithe maoiniúcháin speisialta níos fadtéarmaí le roinnt grúpaí ealaíon agus tionscnamh ealaíon faoi leith, mar aitheantas ar na hardchaighdeáin sheasmhacha de shármhaitheas ealaíonta agus nuáil atá bainte amach acu go háitiúil agus go náisiúnta'.
Ó bunaíodh é in 2004, chuaigh maoiniú ioncaim thar a bheith fiúntach ón Chlár chun tairbhe do naoi ngrúpa, ina measc Ealaíon na Mainistreach (Béal Átha Seanaidh), Butt Drama Circle Company Ltd. (Bealach Féich), Muileann Thulaigh Armhaoile (Bun Cranncha), Balor Development Community Arts Ltd. (Bealach Féich), Simply Music (Bun Cranncha), Ceardlann na gCroisbhealaí (An Fál Carrach), Saothar Ealaíne (Gort a'Choirce), Artlink (Bun Cranncha) agus an Summer Palace Press (Cill Chartha).

Féile Chuan Dhún na nGall agus na gCruach Gorm

Sa bhliain 2001, thionscnaigh an tSeirbhís an fhéile ar a dtugtar Féile Chuan Dhún na nGall agus na gCruach Gorm, mar léargas ar Fhéile Ealaíne an Earagail i dtuaisceart an Chontae. Cuireann an fhéile seo fócas ar fáil don chuid is fearr den chruthaitheacht áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta i nDeisceart agus in Iardheisceart Dhún na nGall, ag deireadh mhí Mheán Fómhair agus tús Dheireadh Fómhair. Is é Paráid an Charnabhal i mBéal Átha Seanaidh príomhimeacht na féile, imeacht ina mbíonn tuairim is 400 rannpháirtí agus a mheallann chóir a bheith 4000 de lucht féachana/éisteachta.

Féile Ealaíne an Earagail

Ceiliúradh an 20ú bliain d'Fhéile Ealaíne an Earagail i 2008. San am i láthair, tá an fhéile faoi bhainistíocht Comhlacht Bainistíochta Fhéile Ealaíne an Earagail Teo., thar ceann Comhairle Chontae Dhún na nGall agus tá triúr ball foirne lánaimseartha fostaithe. Sa bhliain 2008, chuir an Fhéile corradh le 135 imeacht os comhair 35,000 lucht féachana/éisteachta i dtrí cinn déag de bhailte/sráidbhailte i dTuaisceart agus in Iarthuaisceart Dhún na nGall. I measc buaicphointí na féile le blianta beaga anuas, bhí *Crying Baby* le hAmharclann Marrugeku na hAstráile, i nGailearaí Theach na Gléibe, Mín an Lábáin, *Fili* le Circus Ronaldo i bPáirc Bhaile Leitir Ceanainn, ceiliúradh ar na héachtaí ceoil atá déanta ag Baba agus Leo Ó Braonáin agus Clann Uí Bhraonáin, agus an comhordú a rinne an Fhéile ar an seó comórtha ar Imeacht na nIarlaí i Ráth Maoláin, le Grúpa Carnabhail Inis Eoghain agus comhlacht piriteicnice Walk The Plank, seó ar éirigh go hiontach leis.

Clár Ioncaim na gComhpháirtithe Straitéiseacha
Strategic Partnership Revenue Funding Programme

Compántas piriteicneach Walk The Plank ag *An Cosán Glas*, Machaire Rabhartaigh, mar chuid d'Fhéile Ealaíne an Earagail 2007.
Griangraf: Ewan Berry

Feidhmíonn an tSeirbhís Ealaíon i gcomhphairtíocht le réimse leathan grúpaí ealaíon, páirtithe leasmhara oideachasúla, grúpaí agus gréasáin pobail agus le gníomhaireachtaí forbartha ar mhaithe leis an earnáil ealaíon áitiúil a neartú agus teagmháil an phobail leis na healaíona a fheabhsú agus a chur chun cinn. Lena chois sin, tá clár do shaothair nua agus do choimisiúin a reáchtáil ag an tseirbhis, clár a dhíríonn go príomha ar fhorbairt ealaíontóirí proifisiúnta atá lonnaithe go háitiúil

Amharclann an Ghrianáin

D'oscail An Grianán don phobal i mí na Samhna 1999. Is áis ealaíon atá san amharclann atá ag déanamh ceannródaíochta don Chontae agus ní amháin go bhfuil cos i dtaca ag An Grianán i gceartlár an phobail, tá clú náisiúnta bainte amach aige san earnáil ealaíon. Tugann an t-amharclann pléisiúr do níos mó ná 65,000 lucht éisteachta/féachana in aghaidh na bliana. Le cois go mbíonn an chuid is fearr de dhrámaí, de cheol, de rince agus de seónna grinn, idir áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta, áirithe sa chlár bliantúil, léiríonn An Grianán fosta a cuid drámaí d'ardcháilíocht proifisiúnta féin a chuirtear ar siúl san amharclann agus a thugtar ar chamchuairteanna, ag fáil fhad le lucht éisteachta/féachana úrnua agus ag cur fostaíochta ar fáil do lucht ealaíon dá thairbhe. I measc na gcamcuairteanna a fuair ardmholadh ar na mallaibh, bhí dhá dhráma le Brian Friel, *Translations* agus *Dancing At Lughnasa.*

I measc na seónna a chuir an An Grianán í féin ar fáil do pháistí, bhí *The Little Mermaid*, *Pinocchio* agus *The Witching Well*, chomh maith le seónna ón taobh amuigh macasamhail *The Tinkers' Wedding* agus *The Well of The Saints* ó thogra iomráiteach DruidSynge, *Ristorante Immortale* le compántas amharclainne Floez, agus *Amajuba: Like Doves We Rise* ón gcompántas Faber Foundry as Johannesburg.

Sa bhliain 2007, bhronn an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta deontas ACCESS ar an amharclann, airgead a chiallaigh go rabhthas in ann an líon suíochán san amharclann a méadú ó 345 go 383.

Le linn 2008, thug ceathrar de na compántaisí amharclainne is mó le rá in éirinn cuairteanna ar An Ghrianán – ba iad, Amharclann na Mainistreach le *The Seafarer*, Amharclann an Gheata le *Waiting for Godot*, Rough Magic le *The Taming of The Shrew* agus Compántas Druid le *The Cripple of Inishmaan*.

An Tionscnamh um Ealaíona Pobail agus Oideachas Ealaíon.

D'éirigh le Comhairle Chontae Dhún na nGall maoiniú a fháil ón Chomhairle Ealaíon ar mhaithe le hOifigeach d'Ealaíona Pobail agus Oideachas a fhostú chun clúdach a chur ar fáil do Dheisceart agus Iardheisceart Dhún na nGall. Tá an tOifigeach d'Ealaíona Pobail agus Oideachas, a chuaigh i mbun dualgas i ndeireadh na bliana 2006, lonnaithe san Ionad Seibhísí Pobail i mBaile Dhún na nGall agus oibríonn sé go dlúth le soláthraithe Seirbhísí Cultúrtha eile laistigh den Chomhairle – Leabharlann an Chontae, an Clár d'Ealaín Phoiblí, an tIonad Cultúrtha Réigiúnach, Amharclann an Ghrianáin agus Féile Ealaíne an Earagail, ach go háirithe.

Tá Ionad Seibhísí Pobail Bhaile Dhún na nGall thar a bheith sásúil lena leithéid de sheirbhís a chur ar fáil do cheantar a shíneann ó Phaiteagó agus Bun Dobhráin, siar go Gleann Cholm Cille agus na Gleanntaí.

Coimisiúin agus Saothair Úrnua.

Ón bhliain 2001 ar aghaidh, tháinig forbairt ar Chlár Ealaíon Camchuairte na Comhairle mar Chlár leanúnach do Choimisiúin agus Saothair Úrnua, ag spreagadh agus ag tabhairt tacaíochta do chruthú agus léiriúchán de shaothar ealaíon úr, go príomha ó ealaíontóirí Dhún na nGall, cibé ag obair go neamhspleách nó i gcomhar le grúpaí coimisiúin eile. I measc na mbuaicphointí le blianta beaga anuas, bhí an rince aerga, dar teideal *Wired and Free*, le Fidget Feet, sraith de dhealbhóireacht cosáin i Machaire Rabhartaigh dar teideal *Loinnir Cosán Glas* le Saothar Ealaíne, comhléiriúchán ó aisteoirí ón phobal i gcomhar le hAmharclann an Ghrianáin agus Féile Ealaíne an Earagail ar dhráma Thomas Kilroy, *The O'Neill*, agus toghra *Donal Lunny – An Cheangal le Dhún na nGall*, le Tionscanmh Lugh agus Féile Ealaíne an Earagail.

Forbairt ar Fhoirgneamh úr an Ionaid Cultúrtha Réigiúnach

Laistigh de thréimhse *Saol agus Saoithiúlacht*, bhí tógáil foirgneamh úrnua do Ionad Cultúrtha Réigiúnach mar phríomhsprioc ag Ionad Ealaíon Leitir Ceanainn. Cuireadh an chéad iarratas ar mhaoiniú faoi bhráid na Roinne Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta i mí Dheireadh Fómhair 2000, faoin scéim ACCESS, agus críochnaíodh an foirgneamh agus osclaíodh don phobal é i mí Iúil 2007. Bhí an fhorbairt ag gabháil ar aghaidh i rith 2001 – 2007, agus bhí siad seo a leanas i measc na mbuaicphointí: deontas €2.5 milliún ó chiste ACCESS i mí Lúnasa 2001: ceapachán na foirne dearaidh, faoi cheannas Ailtirí Mhic Gabhann, i mí Aibreáin 2003; deonú Cead Pleanála i mí Eanáir 2004; deimhniú ar mhaoiniú ó Interreg 3A, ón Chiste Idirnáisiúnta d'Éirinn agus ón Chomhairle Ealaíon/Bord Scannánaíochta i bhfómhar na bliana 2004; agus an tógáil tosaithe ag Conraitheoirí McDermott agus Trearty i mí Lúnasa 2005.

Tá an tIonad Cultúrtha Réigiúnach, atá tógtha béal dorais le hAmharclann an Ghrianáin i Leitir Ceanainn, ocht n-uaire níos mó ná sean Ionad Ealaíon Leitir Ceanainn. Bhí sé sin, a d'oscail sa bhliain 1995, Ionnaithe ar an urlár íochtair sa Lárleabharlann. San Ionad úr, tá gailearaí ealaíne ar an chéad urlár, halla le 150 suíochán agus réimse spásanna ceardlanna, ar a n-áirítear trí cheardlann mhóra ilchuspóireach, dhá sheomra feistithe go hiomlán do na meáin dhigiteacha agus dhá sheomra bheaga do réamhchleachtadh ceoil. Tá an tIonad ar cheann de na háiseanna ealaíon ildisciplíneacha is breátha in Éirinn agus rinneadh cur síos air mar, 'A cultural beacon that places Donegal in an international context.' (*Irish Times*) agus 'Undoubtedly a world-class design.' (*Irish Arts Review*).

Déanann an tIonad coimisiniú ar ghníomhaíochtaí ealaíon de chaighdeán náisiúnta agus idirnáisiúnta lena gcur ar a chlár, ag leanúint ar aghaidh agus ag leathnú ar an Ionad Ealaíon a bhí i Leitir Ceanainn roimhe sin. Sa dóigh sin tá sé ag tógáil ar an cur chuige rathúil a chleacht Ionad Ealaíon Leitir Ceanainn ar fud an chontae agus trasteorann ó bunaíodh é sa bhliain 1995.

Clár Taispeántais 2001-2008

Bhain na spriocanna tábhachtacha eile a bhí ag an Ionad Ealaíon i *Saol agus Saoithiúlacht* le leibhéal agus caighdeán an chláir bhliantúil a mhéadú agus a fheabhsú. Ó bunaíodh é, dhírigh Ionad Ealaíon Leitir Ceanainn go speisialta ar thaispeántais sna dearcealaíona, agus fosta ar choirmeacha ceoil, scannánaíocht, féilte, oideachas/for-rochtain agus ar fhoilseacháin. Mhéadaigh gach ceann de na réimsí sin le linn na tréimhse 2001-2008.

Tá clár leanúnach de thaispeántais shealadacha ealaíne curtha i láthair ag an Ionad, ina n-áirítear roinnt taispeantás ollmhór a tharraing aird shuntasach ó na meáin náisiúnta. Ina measc seo, bhí an sraith taispeántais bliantúil de chuid Fhéile Ealaíne an Earagail, a eagraíonn an Ionad i gcomhar le Gailearaí na Gléibe, Mín an Lábáin, Músaem Chontae Dhún na nGall, An Gailearaí ar An Fhál Carrach, Artlink Bhun Cranncha agus An Grianán.

Mar sin de, dhírigh clár na Féile 2001 ar ghrianghrafadóireacht agus ar dhéanamh físeáin. Bhí *Time Warps* in 2002 bunaithe thart ar thrí thaispeántas d'Ealaín Réamh-Cholóime inar cuireadh déantáin luachmhara teicstílíeacha, criadóireachta agus miotail os comhair an phobail. In 2003, rinne an tIonad comhordú ar shraith ina raibh sé thaispeántas a rinne taiscéaladh ar an saol áitiúil agus bhí clár na bliana 2004, dar teideal *Form*, dírithe ar Henry Moore maraon le seó grúpa, darb ainm *20th Century Sculpture*, ina raibh saothair le Anish Kapoor agus Barbara Hepworth. I measc na dtaispeántas a bhí sa chlár *Time* in 2005, bhí cinn de chuid Jacques Mandelbrojt agus seó grúpa le Bill Viola agus John Cage, agus i gclár darb ainm *Conflict and Resolution* sa bhliain 2006, b'iad líníochtaí den Chéad Chogadh Domhanda, le William Orpen, an taispeántas a ba suntasaí.

Réamh Cholóime
Pre-Columbian

Don chéad chlár taispeántais san Ionad Cultúrtha Réigiúnach úr in 2007, cuireadh ar siúl taispeántas dar teideal *Painting in the Noughties - 21st Century British and Irish Abstract Painting* agus fá coinne 2008, chuir an ICR sraith taispeáintais ar leith le chéile ag ceiliúradh saothar an tealaíontóir Ungáireach mór le rá, Victor Vasarely. Chuireadh an taispeántas ar chamcuiart chuig an Fhrainc agus go baile breithe Vasarely – Pécs, san Ungáir – fósta.

Ábhair Eile na gClár 2001-2008

D'eagraigh an tIonad clár bliantúil de choirmeacha ceoil in Ionad Ealaíon Leitir Ceanainn inar léiríodh ceol náisiúnta agus idirnáisiúnta, idir clasaiceach, snagcheol, ceol traidisiúnta agus ceol domhanda, le cois clár bliantúil Chlub Scannánaíochta Leitir Ceanainn sa Century Cinemas i Leitir Ceanainn, inar taispeánadh an chuid ab fhearr de scánnáin an domhain. I measc na n-áiseanna níos fearr atá ar fáil san Ionad Cultúrtha Réigiúnach, tá halla le 150 suíochán srathach, inardaithe, soilsiú stáitse agus córas PA. Chiallaigh na háiseanna sin go léir go rabhthas in ann freastal ar ghigeanna suite agus seasaimh in 2007. Siocair fosta go bhfuil teilgeoirí 35mm agus DVD maraon le colbha fuaime sa halla, tig leis feidhmiú go hiontach mar phictiúrlann.

Seirbhís For-rochtana agus Contae

Ó bunaíodh é i dtús báire, eagraíonn Ionad Ealaíon Leitir Ceanainn clár imeachtaí ar fud an Chontae agus tá sé seo fíor go speisialta ó thaobh rannpháirtíochta an Ionaid i dtrí fhéile bhliantúil – Bealtaine do dhaoine scothaosta i mí na Bealtaine, Féile Ealaíne an Earagail i mí Iúil agus Wainfest do pháistí i mí Dheireadh Fómhair/Samhain.

Nuair a reáchtáladh Bealtaine den chéad uair i 1998, ní raibh ann ach seacht n-imeacht i dtrí áit ach in 2008 eagraíodh 108 imeacht in 40 áit. Ba ghnách le Féile Ealaíne an Earagail a bheith comheagraithe ag an Ionad Ealaíon agus Seirbhís Ealaíon an Chontae go dtí go ndearnadh comhlacht neamhspleách di sa bhliain 2003. Leanann an tIonad ar aghaidh ag eagrú clár taispeántais na Féile áfach, is ag óstáil coirmeacha ceoil agus imeachtaí eile de chuid na Féile. Maidir le Wainfest agus an clár do Pháistí agus Daoine Óga san fhómhar, tháinig méadú air sin ó 14 imeacht i gcúig áit i 1998 go dtí 120 imeacht i 19 leabharlann ar fud an Chontae agus 50 imeacht san Ionad Cultúrtha Réigiúnach sa bhliain 2008.

1
Centrefold - insealbhú fís ealaíne le Anna Heindrich agus Leon Palmer ag an tIonad Cultúrtha Réigiúnach, mar chuid de chlár Ealaín Phoiblí Chomhairle Chontae Dhún na nGall, 2007.
Griangraf: Paul McGuckian

2
Painting In The Noughties, an taispéantas oscailteach ag an tIonad Cultúrtha Réigiúnach , 2007.
Griangraf: John Cunningham

1

2

suíocháin sreathach, inardaithe
tiered, retractable seating

seirbhís for rochtana
outreach service

Ceapachán ar Bhainisteoir d'Ealaín Phoiblí.

Chuir Comhairle Chontae Dhún na nGall a tiomantas in iúl i ndáil le cur i bhfeidhm éifeachtach a Clár d'Ealaín Phoiblí nuair a ceapadh Bainisteoir d'Ealaín Phoiblí sa bhliain 2004 ar mhaithe leis an chlár leanúnach a bhainistiú, polasaí a athbhreithniú agus forbairt agus seachadadh a dhéanamh ar Straitéis Ealaíne Poiblí don Chontae. Cheapadh Cúntóir d'Ealaín Poiblí fosta i 2007.

Coimisiniú ar Ealaín Phoiblí 2001-2005

Tá Clár na Comhairle Contae d'Ealaín Phoiblí ag gníomhú ón bhliain 1990 agus go dtí seo rinneadh chóir a bheith caoga coimisiún a bhronnadh agus a sheachadadh.

I measc na n-ealaíontóirí a ndearnadh coimisiniú orthu agus na tograí atá curtha i gcrích le dornán blianta, tá buansaothair dhealbhóireachta agus suiteála le Claire McLaughlin i Leabharlann Phobail Charn Domhnaigh, le Mark Joyce sa Bhearnas Mór, le Travart i Stáisiún Dóiteáin Leitir Ceanainn, le Gerard Harvey i dTamhnach an tSalainn agus le Brendan McGloin i mBun Dobhráin agus i Leifear. I measc na saothar sealadach, agus saothair i meáin eile, bhí an drámá *Rural Electric* le John Nee, togra do charnabhal pobail *Sea-Splosion* sna Cealla Beaga, *Aisling/Dreamtime* le Saothar Ealaíne i Machaire Rabhartaigh, togra do chlár fógraíochta an *WindoWall* le Caroline McCarthy i Leitir Ceanainn agus suiteáil de chuid Marie Barrett, *Ark of Tides*, ag Trá an Pholláin, Baile Lifín.

An Suíomh Gréasáin d'Ealaín Phoiblí

Sa bhliain 2006, seoladh suíomh gréasáin don Ealaín Phoiblí, www.donegalpublicart.ie, suíomh ina bhfuil doiciméadú leitheadach le fáil ar iomlán na gcoimisiún go nuige seo chomh maith le saothair a bhfuiltear ina mbun i láthair na huaire. Fuair an suíomh ardmholadh san *Irish Design Awards 2007*.

Making Shapes[1] - Ealaín Phoiblí i nDún na nGall 2006 - 2010

I measc ceann dá chéad tascanna, bhí ar an Bhainisteoir d'Ealaín Phoiblí plean mionsonraithe a chur le chéile do bhainistíocht agus treo chlár na Comhairle don Ealaín Phoiblí sa mheántréimhse agus san fhadtréimhse. Mar thoradh ar an obair seo, foilsíodh agus seoladh *Making Shapes*[1] - *Public Art in Donegal, 2006-2010*, sa bhliain 2006.

Coimisiúin d'Ealaín Phoiblí 2006–2008

I dtrátha an ama chéanna is a seoladh plean na Comhairle Contae don ealaín poiblí, *Making Shapes*[1] - *Public Art in Donegal 2006 - 2010*, cuireadh i gcrích sraith saothar agus coimisiúin d'ealaín phoiblí agus cheana féin tá stádas samhaltach bainte amach ag cuid acu go háitiúil.

Is dócha gurb iad na cinn is suntasaí díobh seo ná an saothar *Polaris*, le Locky Morris, ar Thimpeallán an Chalaidh i Leitir Ceanainn – saothar a ndearna Comhairle Baile Leitir Ceanainn agus Comhairle Chontae Dhún na nGall comh-choimisiúnú air – agus *Cith is Dealán,* le Richard Wayman, leabhar ina bhfuil portráidí fótagrafacha de dhaoine as Ard an Rátha, agus a cuireadh i gcló i gcomhar leis an Ionad Cultúrtha Réigiúnach.

Mar chuid d'imeachtaí comórtha na bliana 2007 ar Imeacht na nIarlaí, reáchtáladh togra cónaitheach leis an chumadóir Elaine Agnew agus na scríbhneoirí Kate Newman agus Cathal Ó Searcaigh in ocht mbunscoil agus in dhá scoil dara leibhéal i Leithinis Fhánada. As an obair sin tháinig *One Less Petal, One Less Flame,* cheolchoirm inar ghlac cór 80 páiste páirt in éineacht le Ceolfhoireann Aireagail na hÉireann, ensemble de cheoltóirí traidisiúnta faoi stiúir Tommy Peoples, agus Tríréad Gabriele Mirabasso ón Iodáil.

I gcomhpháirtíocht le Cumann Staire Ráth Maoláin agus a Dhúiche, tugadh

seachadadh
deliver

suitéala
installations

stádas samhaltach
iconic status

toghra cónaithe
(artist's) residency project

1
Polestar le Locky Morris. Clár Ealaín Poiblí Chomhairle Chontae Dhún na nGall, 2006. Griangraf: Paul McGuckian

2
Between The Known and The Unknown (An Crann Sceach Bhig), le Elizabeth Caffrey agus Sean Campbell. Rinneadh an saothar seo a choimisiúniú fán Scéim Céatadán don Ealaín, mar chuid de toghra Sheachbhóthair an N15 ó Bhun Dobhráin go Béal átha Seanaidh, 2006. Griangraf: Elizabeth Caffrey

an coimisiún don ealaíontóir John Behan, R.H.A., faoi choinne an píosa dealbhóireachta *Imeacht na nlarlaí* a chruthú. Ar an 14ú lá de mhí Mheán Fómhair 2007, nocht Uachtarán na hÉireann an saothar seo atá suite in aice le trá Ráth Maoláin.

Chomh maith leis sin, tugadh coimisiún do Maurice Haran, dealbhadóir as Doire, le saothar meafarach i gcré-umha a chruthú chun ceiliúradh a dhéanamh ar oidhreacht agus éachtaí Aodh Rua Ó Domhnaill, 1427-1505. Tá an saothar seo suite ar an Ché i mBaile Dhún na nGall.

Le linn 2008, d'obair an tOifig Ealaín Poiblí leis an lárionad Chultúrtha Réigiúnda le *Oatfield – The Sweet Stuff* a choimisiúniú. Toghra i gcomhar le monarchan milseáin Oatfield and bhí ann, ina raibh Compántas Drámaíochta Redmoon, as Chicago, agus Musaem Chondae Dhún na nGall páirteach innti fósta. Beidh an tríú chuid den toghra seo – seó ghriangrafadóireachta le Abigail O'Brien ar mhonarchan Oatfiled – á thaispeáint san Larionad Chultúrtha Réigiúnda, le linn 2009.

Oatfield. The Sweet Stuff. Chuireadh an tsraith taispeántaisí seo le chéile chun ceiliúradh a dhéanamh ar mhonarcha mhilseán Oatfield, atá ag saothrú léi i Leitir Ceanainn le 80 bliana anuas. Rinneadh na saothracha seo a choimisiúniú fán Scéim Céatadán don Ealaín, mar chuid de thoghra Athreorú an N56 ó Bharr an tSléibhe go hEileastran.
Griangraf: Paul McGuckian

De thairbhe coimisiniú a dhéanamh ar Ealaín Phoiblí, tugtar deis don phobal dul i dtaithí ar réimse ollmhór d'ealaín chomhaimseartha atá mar pháirt dá ngnáthshaol laethúil, le cois go dtugann sé dúshlán agus deis don ealaíontóir saothar a chruthú agus a chur os comhair lucht féachana an phobail lena mbarúlacha a fháil.



Póstaer fá coinne an taispeántas taistil fá dtaobh den gCéad Cogadh Domhanda, *Before I Joined the Army, I Lived in Donegal*, de chuid Músaem Chontae Dhún na nGall, 2006.
Griangraf © Musaem Chondae Dhún na nGall agus Marley Design

Clár Imeartha Imeacht na nIarlaí. Cumtha ag Músaem Chontae Dhún na nGall mar chuid dá thaispeántais taistil, *From Leaders To Exiles*, 2007.
Griangraf © Músaem Chondae Dhún na nGall agus Marley Design

Déanann an Músaem forbairt agus cothabháil ar bhailiúchán mór bundéantán a bhaineann le stair Chontae Dhún na nGall. Tá dhá ghailearaí taispeánta ann. Gach uile bhliain, bíonn sraith taispeántas sealadach agus imeachtaí coimhdeacha ar siúl sa ghailearaí ar an bhonnurlár. Sa ghailearaí ar an chéad urlár, tá an bhéim ar ghnéithe de scéal Dhún na nGall ón Chlochaois suas go dtí an Fichiú hAois.

Forbairt ar Fhoirgnimh Mhúsaem an Chontae

Sa bhliain 2005, ghlac an Músaem léas ar stóras le háit a chur ar fáil do bhailiúchán iomlán an Mhúsaeim agus don cheardlann chaomhantais. Aistríodh formhór de bhailiúcháin an Mhúsaeim go dtí an stóras sin.

Taispeántais

I ndiaidh athchóiriú mór a bheith déanta sa Mhúsaem, ceannaíodh cásaí taispeántais nua agus painéil ghrafaice le cur sa ghailearaí taispeána ar an chéad urlár. Léiríonn an taispeántas seo scéal Dhún na nGall ón Chloch-Aois anall go dtí an Fichiú hAois, a bhuí do dheantáin bunaidh, ábhar cartlainne agus íomhaí. Ón bhliain 2001, tá 53 taispeántas agus 69 imeacht eagraithe agus curtha ar siúl ag an Músaem.

Bailiúchán an Mhúsaeim

Ghlac an Chomhairle le Polasaí Bailiúcháin don Mhúsaem, polasaí a leagann síos go mion na prionsabail agus na nósanna imeachta a bhaineann le cruinniú déantán don Mhúsaem. Idir 2001 agus 2008, fuair an Musaem seilbh ar níos mó ná 1,000 déantán.

Seirbhís For-rochtana

Sa bhliain 2004, fuair an Músaem maoiniú ó Peace II agus ón Chomhairle Oidhreachta ar mhaithe le taispeántas, dar teideal *Before I Joined the Army, I lived in Donegal,* faoin Chéad Chogadh Domhanda a fhorbairt agus a thabhairt ar chamchuairteanna. Séard atá sa taispeántas ná painéil taispeána grafacha agus DVD sainchoimisiúnaithe a insíonn scéal na bhfear agus na mban as Cúige Uladh a ghlac pairt sa Céad Chogadh Domhanda. Tugadh an taispeántas seo ar camchuairteanna ar fud na hÉireann agus Tuaisceart Éireann ón bhliain 2006 ar aghaidh. Ó 2001, tá 61 imeacht for-rochtana eagraithe ag an Mhúseam ar fud Dhún na nGall agus ar fud na tíre.

Rannpháirtíocht i gClár um Chaighdeáin Músaeim na Comhairle Oidhreachta.

Idir 1999 agus 2003, bhí Músaem Chontae Dhún na nGall rannpháirteach i Staidéar Píolótach na Comhairle Oidhreachta um Chreidiúnú Músaeim. Bhí sé mar aidhm ag an staidéar píolótach tacar íoschaighdeáin a aithint i gcomhair Scéim Chreidiúnaithe do Mhúsaeim na hÉireann.

Tograí Trasteorann

Idir 2004 agus 2006, bhí an Músaem rannpháirteach i dTogra Chartlann Scannán an Iarthuaiscirt, a bhailigh agus a rinne catalógú ar ábhar scannánaíochta ó chontaetha Dhoire agus Dhún na nGall agus a chruthaigh cartlann dhigiteach atá ar fáil do réimse úsáideoirí.

Idir 2004 agus 2006, bhí baint ag an Mhúsaem leis an togra *Peace Building in The Border Counties,*, a bhí maoinithe ag Peace II. I measc iarmhairtí* an togra sin, cuireadh clár oiliúna faoi leith ar fáil d'fhoirne an Mhúsaeim agus na Seirbhíse Cultúrtha maraon le dhá chomh-thaispeántas: Bailiúchán Grianghraf Cooper agus *Touching The Past*, taispeántas nuálach idirghníomhach do pháistí.

Sa bhliain 2007, chomhoibrigh an Músaem le Músaem Dhoire ar thaispeántas ceannródaíoch, *Imeacht na nIarlaí* , a cuireadh ar siúl i nDún na nGall agus i nDoire. Beidh an taispeántas seo a thabhairt go háiteanna eile i nÉirinn agus thar lear. Cheana féin, i mí Feabhra 2008, d'oscail an taispeántas san Eilvéis, agus i mí Aibreáin 2008 cuireadh ar taispeántas sa Róimh é.

Tá sé d'aidhm ag Cartlann Chontae Dhún na nGall oidhreacht chartlainne an Chontae a bhailiú agus a chaomhnú sa dóigh go mbeidh an t-ábhar ar fáil do na glúnta atá ann anois agus a bheas ann sa todhchaí.

Póstaer ó *Bhailiúcán Cartlainne Bhoird Chumann Lúthchleas Gaeil Dhún na nGall*. Bhronnadh an Bhailiúcán ar an tSeirbhís Cartlainne i 2006. Griangraf: Cartlann Chontae Dhún na nGall

Ionad na Cartlainne

De bharr an méid mór ábhar atá faighte ag Seirbhís na Cartlainne ón bhliain 1999 ar aghaidh, b'éigean di áitreabh a fháil ar léas chun ábhar cartlainne a stóráil. San am i láthair tá dhá aonad tráchtála, ina bhfuil achar iomlán de 2600 méadar cearnach, ar léas ag an Chomhairle, iad feisithe le seilfeanna cruach statach atá fóirsteanach d'ábhar cartlainne. Tá dóthain spás seilfe ann anois d'ábhar ó na seirbhisí difriúla sa Chomhairle agus sna Comhairlí Baile agus oiread is a bhaileofar sna dornán blianta amach romhainn, rud a chuireann ar chumas na Seirbhíse Cartlainne leanúint de bheith ag fáil agus ag caomhnú níos mó ábhar cartlainne, idir poiblí agus príobháideach.

Caomhnú

Ag cloí le polasaí na Seirbhíse Cartlainne, táthar i mbun clár caomhantais le micreascannánú, ón bhliain 2001 i leith, ar bhailiúcháin thar a bheith tábháchtach. Go dtí seo, tá micreascannánú slándála déanta ar na hocht dtaifead go léir a bhain le Dlí na mBocht – Béal Átha Seanaidh, Baile Dhún na nGall, Dún Fionnachaidh, Na Gleanntaí, Inis Eoghain, Leitir Ceanainn, Baile na nGallóglach agus Srath an Urláir – tuairim is 900 leabhar miontuairiscí, leabhair chlárúcháin, litreacha, cuntaisí agus nithe eile.

Bailiúcháin

I measc na n-ábhar tábhachtach atá faighte ó 2001, tá taifid ó na seanoifigí ceantair ar fud an Chontae, taifid ar cheadanna pleanála, leabhair luachála agus leabhair rátaí, taifid ar thógáil tithe, ábhar cartlainne na dtrí gComhairlí Baile, taifid ó Otharlann Naomh Conaill, agus taifid ó na bunscoileanna.
I measc na mbailiúchán príobháideacha, tá taifid Bhord Contae CLG, ó Chomhlacht Léinte Dhún na nGall, páipéirí príobháideacha tábhachtacha ó Chlanna Grove, Montgomery agus Boyton, Cumann Staire Dhún na nGall, chomh maith le taifeadáin ar stair béil ó gach cearn den Chontae. Tá catalógú déanta ar mhórán taifead de chuid na Comhairle Contae agus na gComhairlí Baile, ar Chomhairlí na nDúichí Tuaithe, ar leabhair chlárúcháin agus tinrimh na scoileanna agus ar mhórchuid de na bailiúcháin príobháideacha.

Seirbhís don Phobal

In oifig phoiblí na Seirbhíse Cartlainne i Leifear, tá fáil anois ar an bhunachar sonraí, ar bhileog eolais, ar liosta na dteideal sa Chartlann agus ar Threoir Cartlainne. Bíonn taispeántais rialta ar ábhar cartlainne, cibé ón Bhailiúchán nó ó thaispeántais a thagann ar chamchuairt anois is arís; agus tá both suite i Leifear ina bhfuil rochtain ar *Chartlann Scannánaíochta an Iarthuaiscirt* ar fáil don phobal. I measc na seirbhísí eile, tá fótachóipeáil nó digitiú ar ábhar ón bhailiúchán.

Oideachas

Rinneadh forbairt ar thrí phacaíste oideachais. Sa bhliain 2006, foilsíodh pacáiste do bhunscoileanna, bunaithe ar bhailiúcháin na Cartlainne féin, agus is féidir é seo a uaslódáil ó shuíomh gréasáin na Cartlainne Contae. Foilsíodh dhá phacáiste acmhainne i rith 2007-2008 – ceann amháin dírithe ar scoileanna dara leibhéal agus ar dhaoine a raibh spéis acu sa tréimhse stairiúla seo. Bhí an paca eile dírithe ar bhunscoileanna agus rinneadh forbairt air i gcomhar le hIonad Oideachais Bhaile Dhún na nGall. Sa bhliain 2007, d'fhoilsíodh *Cartlann Chontae Dhún na nGall :Treoir do Mhúinteoirí agus do Mhic Léinn*, i nGaeilge agus i mBéarla, agus tá sé seo le fáil ar shuíomh gréasáin na Cartlainne. Cuireadh oiliúint in-seirbhíse ar fáil do mhúinteoirí bunscoile ó 2005 go 2007.

For-rochtain don Phobal

I measc na n-imeachtaí for-rochtana a tharla ó 2001, bhí seisiúin chuimneacháin sna hionaid lae ar fud an Chontae do Fhéile na Bealtaine, taispeántais sna hIonaid Seirbhíse Pobail agus sna Leabharlanna, seimineáir agus cainteanna do Sheachtain na hOidhreachta, agus taispeátais rialta ag imeachtaí agus comhdhálacha. Sa bhliain 2008, seoladh taispeántas taistil ollmhór, dar teideal *The Past in The Present*, bunaithe ar bhailiúchan na Cartlainne.

1
An tSeirbhís Cartlainne ar trus chuig Oileán Árainn Mhóir le linn Féile na Bealtaine 2007. Griangraf: Cartlann Chontae Dhún na nGall

2
Portráid de Annie Gallagher ó *The Past in The Present.* Taispeántas Taistil de chuid Chartlann Chontae Dhún na nGall, 2008. Griangraf: Kevin Kiely

3
Airí Rialtais Mary Hannifin, TD agus Mary Coughlan, TD ag láinseáil *Paca do Staidéar Cáipéise ar Imeacht na nIarlaí*, de chuid Chartlann Chontae Dhún na nGall, 2007. Griangraf: Cartlann Chontae Dhún na nGall.

1

2

3

leabhair miontuairiscí
records of meetings

leabhar luachala
valuation books

bunachar sonraí
database

pacáiste achmhainne
resource pack

turas allmhuigh
field trips

for rochtain
outreach

Bunú na hOifige Oidhreachta

Cuireadh Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall ar bun i mí Íúil 2003 nuair a ceapadh an chéad Oifigeach Oidhreachtra do Chontae Dhún na nGall. Is é ról na hOifige Oidhreachta feasacht a ardú, comhairle a chur ar fáil, polasaí a mholadh, sonraí a bhailiú agus dea-chleachtas a chur chun cinn i ndáil leis an oidhreacht nádúrtha, thógtha agus chultúrtha.

Plean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall

I gcomhar le Fóram Oidhreachta Chontae Dhún na nGall, d'ullmhaigh an tOifigeach Oidhreachta an *Plean Oidhreachta do Chontae Dhún na nGall (2007-2011)* ar ghlac Comhairle Chontae Dhún na nGall leis d'aon ghuth i 2007. Tá sé mar chuspóir ag an Phlean Oidhreachta "eolas a bhailiú, feasacht a ardú, tuiscint ar oidhreacht nádúrtha, thógtha agus chultúrtha ár gcontae a spreagadh agus dea-chleachtas a chur chun cinn i mbainistiú ár n-oidhreachta chun go mbeidh na glúnta atá ann anois agus na glúnta atá le theacht in ann sásamh agus pléisiúr a bhaint aisti."

Tá siad seo a leanas i measc an mhéid den phlean atá curtha i bhfeidhm go dáta: athchló ar an leabhar *Archaeological Survey of County Donegal*, tuarascáil ar chaomhnú *flora* agus *fauna* atá le fáil taobh le seandroichid cloch, aonad oidhreachta soghluaiste i gcomhair cuspóirí oideachasúla, suirbhé déanta ar struchtúir cheann tuí, togra le heolas a chruinniú ar acraí oidhreachta a bhaineann le feirmeoireacht agus iascaireacht, *Ráitis Dearaidh Sráidbhailte*, togra le mapáil a dhéanamh ar logainmneacha agus ainmneacha páirceanna, agus suirbhé ar fhálta sceach.

Tá Comhairle Chontae Dhún na nGall tiomanta chun oidhreacht a chur i gceartlár an phobailî i gContae Dhún na nGall, mar atá leagtha síos sa Phlean Oidhreachta Náisiúnta (2002).

Bronnadh Deontas d'Oidhreacht Áitiúil

D'éirigh leis an Oifig Oidhreachta ceithre Dheontas d'Oidhreacht Áitiúil a fháil ón Chomhairle Oidhreachta faoi choinne seimineáir ar *Cúram agus Caomhnú Reiligí Stairiúla* (2005), bróisiúr dar teideal *Heritage in Your Hinterland* (2005) fá mhúsaeim agus ionaid oidhreachta Dhún na nGall, seimineáir agus ceardlanna ar *Chríocha Traidisiúnta Cuibhrinn* agus ar *Chaomhnú Claíocha Cloch agus Fálta Sceach* (2006), agus, i gcomhar le Cumann Staire Chloich Cheann Fhaola, seimineár ar *Ailtireacht Dhúchasach in Iardheisceart Dhún na nGall* (2007).

Foilseacháin agus Poiblíocht

Ón bhliain 2005 ar aghaidh, foilsíonn an Oifig Oidhreachta leabhrán bliantúil ina mbíonn cur síos ar Imeachtaí na Seachtaine Oidhreachta i nDún na nGall ar mhaithe le feasacht an phobail faoin oidhreacht nádúrtha, thógtha agus chultúrtha a ardú. Sna chéad cheithre bliana de bheith ag feidhmiú, tá tuairim is 250 alt fá shaincheisteanna oidhreachta foilsithe ag an Oifig Oidhreachta sna nuachtáin áitiúla. Thug an Oifig Oidhreachta tacaíocht d'fhoilsiú bróisiúir dar teideal *Mapping the Moths of Donegal* agus do sheoladh an leabhair *The Disappearing Irish Cottage*, le Symmons agus Harkin, sa bhliain 2004. I ndiaidh taighde a dhéanamh, d'fhoilsigh an tOifigeach Oidhreachta sraith de shé bhróisiúr darb ainm *Baile Oidhreachta*, a bhfuil cosáin oidhreachta mar pháirt díobh.

Imeachtaí For-rochtana, Comhdhálacha agus Seimineáir

Sa bhliain 2005, fuair an tOifigeach Oidhreachta cuireadh ón Irish American Cultural Institute le bheith ina aoichainteoir ar ailtireacht dhúchasach réigiúnach ag a sraith léachtaí i naoi n-ionad i seacht stát sna Stáit Aontaithe. Bhí an Oifig Oidhreachta rannpháirteach in eagrú na comhdhála, *Teanga san Oidhreacht*, i nGort an Choirce (2004) agus trí chomhdháil oidhreachta, *Beltany*, i Ráth Bhoth (2005-2007). Is iomaí cur i láthair atá déanta ag an Oifigeach Oidhreachta, is iomaí cuairt a thugann sé ar shuíomhanna agus is iomaí turas allamuigh a threoraíonn sé.

aonad oidhreachta soghluaiste
mobile heritage unit

acraí oidhreachta
heritage objects

fhálta sceach
hedgerows

críocha traidisiúnta cuibhrinn
traditional field boundaries

cosáin oidhreachta
heritage trails

turas allamuigh
field trips

fardal
inventory

1
Is Séadchomharthaí Cláraithe iad Mainistir agus Reilig Cille Uí Dhómhnaill atá cosnaithe fá Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta (1930-2004). Griangraf: Joseph Gallagher.

2
Primrose Wilson agus Rita Harkin, baill den Ulster Architectural Heritage Society, a fhreastal ar seiminéar ar Oileán Ghabhla de chuid Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall, fán teideal, *Home and Dry. Modhanna fá coinne Foirgnimh Traidisiúnta a Athchóiriú*. Griangraf: Joseph Gallagher

I gcomhar leis an Stiúrthóireacht Bóithre agus Iompair, thionscnaigh an Oifig Oidhreachta fardal de reiligí stairiúla; gach bliain reáchtálann sí seimineár dar teideal, *Cúram agus Caomhnú Reiligí Stairiúla*, agus tá sí le scéim deontais a chur i bhfeidhm do reiligí stairiúla. Sa bhliain 2007, bhí dhá sheimineár thar a bheith rathúil ar ailtireacht dhúchasach eagraithe ag an Oifig Oidhreachta i gcomhar leis an Ulster Architectural Society agus Cumann Staire Chloich Cheann Fhaola. I 2008, d'eagar an Oifig Oidhreachta seiminéar ar *Fhoirgnimh Traidisiúnta Dhún na nGall* agus ceann eile fán teidil *Invisible Assets*, i gcomhar le Fheidhmitheacht an tSeirbhís Sláinte. Dheineadh roinnt nua-fhoilsiúcáin a láinseáil fosta, ina measc sraith bileóga fá dtaobh de *Bhailte Oidhreachta Dhún na nGall* agus *éanlaith is Fiántas ar Oileán Thoraigh*, i gcomhar le BirdWatch Ireland, maraon leis an láinseáil náisiúnta den leabhrán *Foirgnimh Traidisiúnta ar Fheirmeacha in éirinn*, i gcomhar leis an gComhairle Oidhreachta agus Teagasc.

Ba í an Oifig Oidhreachta a bhunaigh Líonra Oidhreachta Dhún na nGall (líonra do na músaeim, ionaid oidhreachta agus eagraíochtaí/grúpaí oidhreachta i nDún na nGall) sa bhliain 2005.

Plean Forbartha an Chontae

Bhí an tOifigeach Oidhreachta rannpháirteach i ndréachtú na bpolasaithe oidhreachta atá i *bPlean Forbartha an Chontae (2006-2012)* agus ghlac sé an príomhról in eagrú Measúnacht Oidhreachta de *Phlean Forbartha an Chontae*.

Comhairleoir Leachta Allamuigh

I mí na Nollag 2006, cheap an Oifig Oidhreachta Comhairleoir Leachta Allamuigh páirtaimseartha. Is é an ról atá ag an Chomhairleoir seo ná leachtanna allamuigh a aithint agus eolas agus comhairle a thabhairt d'úinéirí talaimh maidir le cúram agus caomhnú na séadchomharthaí ársa sa cheantar roghnaithe staidéir i ndeisceart Dhún na nGall.

1

2

comhairleoir leachta allamuigh
field monuments advisor

séadchomharthaí ársa
ancient monuments, settlement sites

Dessie Gallagher (Gerry Evans) agus Cathleen Bradley (Chris Mundy) i radharc as *Dancing At Lughnasa* le Brian Friel, a thug Amharclann An Ghrianáin chun stáitse i 2002.
Griangraf: Andrew Paton

Cuid 3

Timpeallacht Oibriúcháin, Polasaí agus Comhthéacs Reachtach

Cuid 3
Timpeallacht Oibriúcháin, Polasaí agus Comhthéacs Reachtach

Daltaí ó Scoil Náisiúnta Educate Together, Leitir Ceanainn, ag freastal ar an dtaispeántas, *Seen But Not Heard - A Century Of Childhood* , ag Músaem Chontae Dhún na nGall i 2008.
Griangraf ©Músaem Chontae Dhún na nGall.

Cuairteóirí i mbun scrúdú *Ballyhanna Man* ag oscailt an taispeántas, *Lost and Found –Ag Aimsiú Ré atá Thart ar Sheachbhóthair an N15 ó Bhun Dobhráin go Bhéal Átha Seanaidh*, 2006. Griangraf ©Músaem Chontae Dhún na nGall

athshainiú
redefining (of roles)

ar an tséala sin
in response to this

príomhsrutha
mainstream

geilleagar
economy

dreasachtaí
incentives

fíorithe
realised

Timpeallacht Oibriúcháin

Tá athrú suntasach tagtha ar an timpeallacht oibriúcháin do Rannán na Seirbhísí Cultúrtha le blianta beaga anuas agus tá athshainiú mór déanta ar ról gach comhpháirt de sheirbhísí an Rannáin i ndáil leis an phobal. Tig le gach uile dhuine a bheith rannpháirteach sa Chultúr agus tairbhe a bhaint as. Ar an tséala sin, déanann Rannán na Seirbhísí Cultúrtha a dhícheall a chuid seirbhísí a thabhairt chuig gach uile pháirt den Chontae agus gach dream sa phobal a mhealladh le bheith rannpháirteach ina chuid gníomhaíochtaí. (also on P. 29) Níl sa tseirbhís for-rochtana leabharlainne ar a dtugtarTaobh Tíre, Féile Ealaíne an Earagail agus na Pacaí Oideachais Cartlainne ach go díreach trí shampla den treocht seo.

Mar an gcéanna, aithnítear músaeim agus ábhar cartlainne mar acmhainní tábhachtacha chun tacú le hoideachas príomhshrutha. Tá athrú ollmhór tagtha ar an tSeirbhís Leabharlainne de bharr gur glacadh leis na meáin dhigiteacha agus na teicneolaíochtaí úrnua cumarsáide.

Tá an fhorbairt gan tuar a tharla inár ngeilleagar agus inar sochaí le blianta anuas ina cúis buartha faoi chosaint ár n-oidhreacht. Taispeánann staidéar, coimisiúnaithe ag An Chomhairle Oidhreachta, a rinneadh sa bhliain 2007 ar an fiúntas a leagann muintir na hÉireann ar ár n-oidhreacht, go bhfuil imní láidir i measc an phobail i dtaca le cosaint a dhéanamh ar ár n-oidhreacht. D'aontaigh formhór na ndaoine a ndearnadh suirbhé orthu go raibh gá le bearta úrnua agus tuilleadh maoiniúcháin a chur ar fáil, le 92% díobh siúd a ndearnadh an suirbhé orthu ag aontú go raibh sé tábhachtach ár n-oidhreacht a chosaint, agus bhí 92% den bharúil gur cheart pionós a ghearradh ar dhaoine a dhéanann damáiste don oidhreacht.

Tá 90% bródúil as ár n-oidhreacht agus aontaíonn 85% gur chóir don Rialtas níos mó dreasachtaí a thairiscint ar mhaithe leis an oidhreacht a chosaint. Ceann de na torthaí is tábhachtaí a tháinig as an staidéar sin ná go bhfuil gá le caidreamh níos láidre a spreagadh idir mhuintir na tíre agus an oidhreacht, caidreamh a chuirfidh ar chumas na luachmhaireachta a leagtar ar oidhreacht a bheith fíoraithe i dtaca le buntáisí do shláinte agus folláine chomh maith leis an gheilleagar agus an fhostaíocht.

Cultúr agus Turasóireacht

Sa lá tá inniu ann, aithnítear go forleathan gurb é an cultúr ceann de na gnéithe is tábhachtaí dár dtionscal turasóireachta. Tá Fáilte Éireann den tuairim go gcuireann turasóireacht chultúrtha €2 billiún ar fáil sa teacht isteach bliantúil don tír seo – amach as caiteachas iomlán na gcuairteoirí de chóir a bheith €4.8 billiún – agus go bhfuil an earnáil sin ag fás de réir 15% in aghaidh na bliana, trí huaire níos mó ná an ráta fáis do thurasóireacht ghinearálta.

Measann comhlacht turasóireachta an Stáit go raibh, sa bhliain 2007, 3.25m de thurasóirí ó thar lear – 61% den líon iomlán – rannpháirteach i ngníomhaíochtaí 'Stairiúrla/Cultúrtha' le linn dóibh a bheith in Éirinn, agus go dtug 0.5m de thurasóirí baile cuairt ar áit stairiúil nó cultúrtha.

Lena chois sin, léiríonn taighde tionsclaíoch go luann 35% de thurasóirí baile 'cóngaracht de thaitneamhachtaí macasamhail tránna, sléibhte, gailearaithe, músaeim, siamsaíocht oíche, bialanna, imeachtaí spóirt agus féilte' mar a bpríomhchúis le ceann scríbe laethe saoire ar leith a roghnú, agus luann 19% eile an timpeallacht nádúrtha, 'radharcanna, taobh tíre agus iargúlacht '.

Is léir go bhfuil áiteanna áitiúla atá spéisiúil do thurasóirí ag tabhairt airde ar na treochtaí seo agus tá sé raite acu ina bplean forbartha reatha gurbh iad, 'Na hEalaíona agus An Cultúr …príomhláidreachtaí thurasóireacht na hÉireann agus tá an larthuaisceart breá ábalta glacadh leis an dúshlán a sciar féin den

bailí
valid

spriocanna
goals

cúinsí
conditions

fadcheannach
outward looking

iomlánú
integration

dearsnach
distinctive

reachtaíocht
legislation

forálacha
provisions

mhargadh a bheith aici.' (*Fáilte Éireann, Plean Forbartha Turasóireachta an Iarthuaiscirt*, 2008-2010).

Tá doiciméadú cuimsitheach déanta le tríocha bliain anuas i staidéir idirnáisiúnta ar thionchar eacnamaíochta na n-ealaíon, an chultúir agus na dtionscal cruthaitheach, cé nach ndearnadh aon staidéar cuimsitheach in Éirinn féin. Léiríonn an taighde go bhfuil na healaíona agus na tionscail chruthaitheacha ionann le hearnáil eacnamaíochta thar a bheith tábachtach, agus ina bhfoinse mór fostaíochta agus ardfáis.

Comhthéacs Polasaí

Tá *Ceangail Cultúrtha* suite laistigh de chomhthéacs reachtúil agus polasaí náisiúnta agus, dá bhrí sin, caithfear na polasaithe, na straitéisí agus na cláracha atá i bhfeidhm cheana féin a chur san áireamh.

Cé go ndearnadh cuid mhór dul chun cinn ón bhliain 2001, tá roinnt de na gníomhaíochtaí a aithníodh sa phlean straitéiseach roimhe seo do na Seirbhísí Cultúrtha, san fhoilseachán *Saol agus Saoithiúlacht*, atá bailí i gcónaí, le bheith seachadta go fóill. Tá dornán de na gníomhaíochtaí sin athráite sa phlean seo.

Tá sé mar aidhm ag an phlean spriocanna na bpleananna ábhartha contae, réigiúnacha agus náisiúnta a mhíniú go samhlaíoch agus i gcomhthéacs na hoidhreachta agus na gcúinsí sóisialta agus geografacha ar leith atá ag an Chontae. Fosta, léiríonn sé an carachtar fadcheannach agus nuálaíoch atá i mbunadh Dhún na nGall.

Is é *Branching Out – Future Directions* an polasaí náisiúnta atá ar chúl forbairt na seirbhíse leabharlainne poiblí in Éirinn. Deir sé: 'Tá seirbhís na leabharlann poiblí iniatach maidir le cúrsa sóisialta. Tá ról an-tábhachtach ag leabharlanna poiblí mar lárionaid eolais, faisnéise agus cultúir.

Tá an buntáiste breise acu go mbíonn said ar oscailt do gach duine, is Cuma faoina n-aois, a n-oideachas ná á náisiuntachta . Is acmhainn iontach iad le forbairt pobail a chur chun tosaigh, le hiomlanú sóisialta a dhéanamh agus níos mó ná riamh roimhe, bíonn said mar ait choinne ag daoine a bhfuil an iliomad cúlra eitneach acu'. I nDun na nGall, d'ardaigh líon na gcuairteanna chuig leabharlanna 41% thar an tréimhse 2002 – 2007, rud a thaispeánann go soiléir an tuiscint atá ar *luachmhaireacht* na leabharlann agus ar infheistíocht Chomhairle Contae Dhún na nGall i seirbhísí den chéad scoth sna seirbhísí leabharlann.

Tig le gach uile dhuine a bheith rannpháirteach sa Chultúr agus tairbhe a bhaint as. Ar an tséala sin, déanann Rannán na Seirbhísí Cultúrtha a dhícheall a chuid seirbhísí a thabhairt chuig gach uile pháirt den Chontae agus gach dream sa phobal a mhealladh le bheith rannpháirteach ina chuid gníomhaíochtaí.

Sa doiciméad *Partnership for The Arts: Arts Council Goals 2006-2010,* deirtear 'Tá ról lárnach dearscnach ag na healaíona inár sochaí éabhlóideach'. I ndáiríre, aithnítear go forleathan an chionroinnt a dhéanann cultúr, sa chiall is leitheadaí, d'fhorbairt shóisialta agus eacnamaíochta na hÉireann agus de réir taighde a rinneadh ar na mallaibh, meastar go mbeidh an earnáil seo fíorthábhachtach do leas eacnamaíochta na tíre sa todhchaí.

Comhthéacs an Pholasaí Reachtúil

Tá *Ceangail Cultúrtha* suite laistigh de chomthéacs reachtúil agus polasaí náisiúnta agus, dá bhrí sin, caithfear an reachtaíocht, na polasaithe, na straitéisí agus na cláracha atá i bhfeidhm ag an Rialtas cheana féin a chur san áireamh.

Tá an reachtaíocht rialtais a bhaineann le soláthar seirbhísí cultúrtha in Éirinn níos sine ná bunú an Stáit féin. Thug ceann de na chéad achtanna a d'achtaigh an chéad Dáil, *An tAcht Rialtais Áitiúil*,1925, cumhacht d'údaráis áitiúla glacadh le hiomlán na bhforálacha san acht ar a dtugtar an *Public Libraries (Ireland) Act,* 1855, agus de thairbhe sin, b'iadsan feasta na húdaráis leabharlann do na ceantair agus na pobail faoina gcúram. Chomh maith leis na seirbhísí traidisiúnta d'iasachtaí leabhar agus seirbhísí taighde a chur ar fáil, bhí sé de chumhacht ag na húdaráis leabharlann anois cláracha 'léachtaí agus taispeántais poiblí agus leabharlanna a chur ar fáil i scoileanna'.

Thug tuilleadh reachtaíochta cumhacht d'údaráis áitiúla 'cuidiú le costais banna i gcomhair beoléiriúcháin ceoil a chur ar fáil don phobal' (*An tAcht Rialtais Áitiúil*, 1946), 'foirgneamh a chur ar fáil faoi choinne cruinnithe poiblí nó eile agus faoi choinne léachtaí, taispeántais, caitheamh aimsire ginearálta nó imeachtaí eile dá leithéid sin' agus 'cuidiú le pobal a bheadh i bhfách le músaem a chur ar fáil trí iomlán nó páirt den chúiteamh saothair a íoc le duine ar bith a bheadh fostaithe in obair ag baint leis an mhúsaem' (*An tAcht Rialtais Áitiúil*, 1955) agus 'halla ceolchoirme, amharclann nó halla ceoldráma a sholáthar nó a chothabháil' (*An tAcht Rialtais Áitiúil*, 1960).

Neartaíodh mórán de na forálacha sin laistigh d'fhorálacha *An tAcht Ealaíon*, 1973, a thug cumhacht agus spreagadh do na húdaráis áitiúla comhoibriú leis An Chomhairle Ealaíon 'tré thacaíocht airgid nó íocaíocht chomhchineáil nó soláthar seirbhísí nó áiseanna a thabhairt do dhuine ar bith a bheadh ag eagrú taispeántais nó imeacht eile, a ghríosódh, i dtuairim an údaráis, spéis an phobail sna healaíona, a chuirfeadh eolas, tuiscint agus cleachtas chun cinn i ndáil leis na healaíona, nó a chuideodh caighdeáin na n-ealaíon a fheabhsú'.

Ach is cinnte gurb é i bhforálacha *An tAcht Rialtais Áitiúil,* 2001, atá an comhthiomsú is cuimsithe den reachtaíocht go léir a bhaineann le soláthar seirbhísí cultúrtha sa Stát. Leis an Acht sin, cuireadh ar chumas údaráis áitiúla cláracha agus idirghabhálacha a lorg agus a spreagadh ar mhaithe le 'Cur Chun Cinn Spéiseanna an Phobail Áitiúil', bearta a mháitear a bheadh ina gcuidiú 'le cuimsiú sóisialta nó le forbairt shóisialta, eacnamaíochta, comhshaoil, caitheamh aimsire, cultúrtha, pobail nó forbairt ghinearálta an cheantair riaracháin nó an phobail áitiúil.'

Ach is cinnte gurb é i bhforálacha *An tAcht Rialtais Áitiúil*, 2001, atá an comhthiomsú is cuimsithe den reachtaíocht go léir a bhaineann le soláthar seirbhísí cultúrtha sa Stát. Leis an Acht sin, cuireadh ar chumas údaráis áitiúla cláracha agus idirghabhálacha a lorg agus a spreagadh ar mhaithe le 'Cur Chun Cinn Spéiseanna an Phobail Áitiúil', bearta a mháitear a bheadh ina gcuidiú 'le cuimsiú sóisialta nó le forbairt shóisialta, eacnamaíochta, comhshaoil, caitheamh aimsire, cultúrtha, pobail nó forbairt ghinearálta an cheantair riaracháin nó an phobail áitiúil.' Ar an tséala sin, tugann Acht na bliana 2001 cumhacht agus spreagadh do na húdaráis áitiúla cabhair airgid nó cabhair chomhchineáil a chur ar fáil faoi choinne 'eagrú nó cur chun tosaigh seimineár, taispeántas, féilte nó imeachtaí eile' agus fosta a bheith rannpháirteach i gcur ar fáil soláthar dhíreach dá mhacasamhail de sheirbhísí agus de chláracha gníomhaíochta.

Tagraíonn an Acht go sonrach fosta do chur chun tosaigh spéiseanna an phobail ag údaráis áitiúla i dtaca le 'caitheamh aimsire ginearálta agus gníomhaíochtaí fóillíochta', 'gníomhaíochtaí ealaíon, teanga agus cultúrtha', 'cosaint agus feabhsúchán ginearálta na timpeallachta agus na hoidhreachta', agus 'úsáid áiseanna taitneamhachtaí, cibé nádúrtha nó tógtha, ag an phobal'.

Gríosaíonn sé údaráis áitiúla, ina ról mar údaráis leabharlann, soláthar 'áitreabh agus áiseanna d'iasacht leabhar agus de leabhair thagartha agus d'ábhar priontáilte eile, téipeanna, dioscaí (idir closáin, físeáin nó closamhairc), sleamhnáin, agus a leithéid eile d'ábhar, ina n-áirítear ábhar atá ar fáil ó úsáid ríomhairí agus teicneolaíochtaí faisnéise, de réir mar is cuí,' agus cur chun cinn agus cur i láthair a dhéanamh ar chláracha 'gníomhaíochta agus imeachtaí ealaíon, teanga, oideachasúil, cultúrtha, caitheamh aimsire, pobail nó a mhacasamhail spéise'.

Maidir le caomhnú taifead agus cartlann, tá Acht na bliana 2001 thar a bheith dearfa, ag rá go bhfuil sé de dhualgas ar údarás áitiúil socruithe a chur in áit i gcomhair bainistíocht cheart, coinneáil, cúram agus caomhnú a dhéanamh ar thaifid áitiúla agus ar ábhar cartlainne áitiúla, chomh maith leis na hábhar cartlainne áitiúla a chur ar fáil d'iniúchadh an phobail.

Mar achoimre, ar an tséala sin, tá na Pleananna agus na hAchtanna Reachtúla seo a leanas ábhartha d'ullmhúchán agus do chur i ngníomh na straitéise:

– An Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013
– Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2006-2012

ar an tséala sin
as such

gníomhaíochtaí fóillíochta
leisure activities

Sensazione ag Féile Ealaíne an Earagail, 2008. Griangraf: Declan Doherty

Daltaí ó Scoil Náisiúnta Bhaile na Coillte, Leitir Ceanainn, ag baint sult as an dtaispeántas. *Oatfield. A Short But Sweet History*, ag Músaem Chontae Dhún na nGall, 2008. Griangraf ©Músaem Chontae Dhún na nGall

- An Straitéis, Plean Forfheidhmithe Chontae Dhún na nGall 2002–2012 (Bord Forbartha Dhún na nGall, 2002)
- Plean Corpairáideach Chomhairle Contae Dhún na nGall 2004 – 2009
- An tAcht Rialtais Áitiúil 2001 (Alt 67, ag baint le 'Fóntais, Caitheamh Aimsire agus Feidhmeanna Eile', Alt 80 ag baint le hoibleagaidí reachtúla i ndáil le caomhnú ábhar Cartlainne)
- An tAcht Ealaíon 2003
- An tAcht Oidhreachta 1995
- An Plean Oidhreachta Náisiúnta 2002
- Plean Straitéiseach an Chomhairle Oidhreachta 2007 – 2011
- An Clár um Chaighdeáin Músaeim, An Chomhairle Oldhreachta
- *Branching Out: Future Directions* (An Roinn Gnóthaí Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil 2008)
- Líonra Náisiúnta um Sheirbhís Áitiúil (Cumann Leabharlann na hÉireann, 1999)
- Comhpháirtíocht ar son na nEalaíon, Cleachtais 2006-2008. (An Chomhairle Ealaíon 2005)
- Scéim an Chéatadain le haghaidh na nEalaíon, Treoirlínte Ginearálta Náisiúnta – 2004 (An Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta 2004)
- Straitéis Nua do Thurasóireacht Chultúrtha (Fáilte Éireann 2007)
- Straitéis le haghaidh Forbairt na nEalaíon sa Ghaeltacht 2005-2009 (Údarás na Gaeltachta/An Comhairle Ealaíon 2004)
- I dTreo Bheartas um na hEalaíona Traidisiúnta (An Chomhairle Ealaíon 2004)
- AUDITORIA – Athbhreithniú ar Phleanáil, ar Chláreagrú agus ar Sholáthar do na hIonaid do na hEalaíona Taibhiúcháin in Éirinn (An Chomhairle Ealaíon)
- Na hEalaíona, Cuimsiú Sóisialta agus Comhtháthú Sóisialta (NESF 2007)

Plean Corparáideach Chomhairle Contae Dhún na nGall

Is doiciméad polasaí tábachtach é an Plean Corparáideach do Chomhairle Chontae Dhún na nGall, 2004-2009, a raibh tionchar aige ar an straitéis do Rannán na Seirbhísí Cultúrtha. Tá freagracht ar an Chomhairle Chontae a chinntiú go ndéanfar seachadadh comhtháite áitiúil ar na pleananna éagsúla a bhaineann le Seirbhísí Cultúrtha, agus socraíonn an plean seo na tosaíochtaí do na bunseirbhísí a chuireann an Rannán ar fáil.

I bPlean Corparáideach Chomhaairle Contae Dhún na nGall, tá na spriocanna seo a leanas leagtha amach do Rannán na Seirbhísí Cultúrtha:

- Plean straitéiseach comhtháite úrnua a chur le chéile agus a chur i bhfeidhm d'fhorbairt na Seirbhísí Cultúrtha
- Comhpháirtíochtaí straitéiseacha a chothú agus a leathnú le grúpaí pobail áitiúla, gníomhaireachtaí agus soláthraithe eile seirbhíse ar mhaithe le feasacht agus insroichteacht ar na Seirbhísí Cultúrtha a ardú agus rannpháirtíocht iontu a mhéadú.
- Níos mó rannpháirtíochta sna Seirbhísí Cultúrtha a spreagadh a bhúiochas do dhul i ngleic le bacanna sóisialta, fisiceacha agus airgeadais.
- Forbairt a dhéanamh ar an bhonneagar fisiceach sa dóigh go mbeidh sé ar chomhchéim leis, nó níos fearr ná na caighdeáin náisiúnta agus idirnáisiúnta do Sheirbhísí Cultúrtha
- Bainistiú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm clár caipitiúil ilbhliantúil faoi choinne tuilleadh áiseanna cultúrtha a chur ar fáil
- Tuiscint a chruthú agus a fhorbairt fá thábhacht agus ábharthacht na Seirbhísí Cultúrtha, comhairle, spreagadh dea-chleachtais agus méadú rannpháirtíochta san áireamh.

Bord Forbartha an Chontae agus An Straitéis

Tá Bord Forbartha an Chontae (CDB) freagrach as comhordú a dhéanamh ar iomlán na forbartha agus ar sheachadadh seirbhíse poiblí sa chontae. Chun é sin a chur i gcrích, tugtar le chéile ionadaithe ó ghníomhaireachtaí forbartha áitiúla, gníomhaireachtaí stáit, páirtithe sóisialta agus ó chomhaltaí tofa agus ó fheidhmeannaigh na Comhairle Contae chun líonrú agus comhoibriú a dhéanamh ar mhaithe le pleananna agus straitéisí forbartha a chur i ngníomh níos éifeachtaí.
Tugann Bord Forbartha an Chontae Donegal aitheantas do ghníomhaíocht

na healaíona taibhiúcháin
performance arts

cuimsiú cultúrtha
cultural inclusion

comhtháthú sóisialta
social cohesion

seachadadh comhtháite
integrated delivery

bacanna
barriers

líonrú
networking

chultúrtha agus meastar go bhfuil soláthar d'áiseanna cultúrtha thar a bheith tábhachtach chun infheistíocht isteach a mhealladh agus chun daoine a mhealladh le cur fúthu agus oibriú sa cheantar. Tacaíonn Bord Forbartha an Chontae leis an obair fíor-riachtanach atá a dhéanamh ag Comhairle Chontae Dhún na nGall chuige seo. Aithníonn *An Straitéis : Straitéis Forbartha Eacnamaíochta, Shóisialta agus Chultúrtha Chontae Dhún na nGall*, luachmhaireacht an chultúir agus an gá atá le fostaíocht a chur chun cinn san earnáil maraon le tacaíocht a thabhairt dá léithéid.

Fosta, aithnítear an ról lárnach atá ag cultúr i réimsí macasamhail forbairt pobail, cuimsiú sóisialta agus foghlaim fadsaoil agus cuidíonn Rannán na Seirbhísí Cultúrtha i gComhairle Chontae Dhún na nGall go mór leis seo cionn is go gcomhoibríonn siad le páirtithe leasmhara éagsúla i nDún na nGall agus níos faide ar shiúl, a bhuíochas d'Fhóram Forbartha Cultúir Bhord Forbartha an Chontae agus d'Fhóraim ábhartha eile.

Cuireann *An Straitéis : Straitéis Forbartha Eacnamaíochta, Shóisialta agus Chultúrtha Chontae Dhún na nGall* do na blianta 2002 - 2012, fráma ar fáil do ghníomhaíochtaí comhtháite agus tá mórán de sheirbhísí agus tionscnaimh an Rannáin ag brath ar dhlúthchaidreamh agus comhpháirtíocht le heagraíochtaí seachtracha. Tarlaíonn an comhoibriú seo, maraon le réimse gníomhaíochtaí comhoibritheacha, laistigh de chomhthéacs níos leithne Bhord Forbartha an Chontae agus a chuid fostruchtúir éagsúla.

Tá sé sprioc ardleibhéil, atá ábhartha do Rannán na Seirbhísí Cultúrtha, leagtha síos ins An Stratéis, mar a leanas:

- Brí agus fiúntas an chultúir a chur ar aghaidh sa phobal
- Feabhsú leanúnach a dhéanamh ar cháilíocht an tsoláthair chultúrtha ar fud an Chontae
- Rannpháirtíocht sa chultúr a dhreasú agus a spreagadh
- Aitheantas agus meas a thabhairt don chultúr mar shlí bheatha.
- Na buntáistí eacnamaíochta atá ag an chultúr don Chontae a aithint agus a chur chun tosaigh
- Éagsúlacht chultúrtha sa Chontae a chur chun cinn.

teorainneacha earnála
sectoral boundaries

tosaíochtaí
priorities

Díreofar ar na spriocanna seo fríd 39 cuspóir ar leith a thrasnaíonn réimse na seirbhísí cultúrtha a chuireann Comhairle Chontae Dhún na nGall ar fáil agus, i gcuid mhór cásanna, atá i gcomhpháirtíocht le soláthraithe seirbhíse eile ar mhaithe le seachadadh comhtháite a chur ar fáil thar na teorainneacha traidisiúnta earnála. Chun na spriocanna seo a bhaint amach, beidh comhoibriú

Rinneadh *One Less Petal, One Less Flame* a choimisiúniú i 2007 ar théama Imeacht na nIarlaí, mar chuid de chlár Ealaín Phoiblí Chomhairle Chondae Dhún na nGall. Páirteach sa toghra do bhí beagnach 80 páistí bunscoile ó scoileanna náisiúnta ar Leithinis Fhánada, maraon le réimse leathan ceoltóirí ina dteannta. Bhí scribhneóirí páirteach ann fosta agus foilsíodh leabhrán d'fhilíocht is scéalaíocht a chum na páistí fhéin comh maith.
Griangraf: Paul McGuckian

de dhíth idir Rannán na Seirbhísí Cultúrtha agus eagraíochtaí sna hearnálacha pobail, oideachais, turasóireachta agus fiontair. Tá an Chomhpháirtíocht Áitiúil d'Oideachas Ceoil agus an iniúchadh ar sholáthar cultúrtha, *An Compás Cultúrtha*, ina samplaí dá leithéid de cheangail chultúrtha.

Glacann Rannán na Seirbhísí Cultúrtha ról príomha i gceann d'fhostruchtúir Bhord Forbartha an Chontae, ie. An Fóram Forbartha Cultúir, ar a bhfuil sé de chúram air na spriocanna thuasluaite a sheachadadh. San am i láthair, tá An Fóram i mbun togra mór taighde ar na hacmhainní cultúrtha atá sa Chontae, sa dóigh go mbeifear in ann tosaíochtaí straitéiseacha a aithint agus an bealach chun tosaigh a leagan amach. Úsáidfear *An Compás Cultúrtha* seo mar eochair eolais d'fhorbairt chultúrtha ar fud an Chontae, forbairt a bheas a sheachadadh ag Rannán na Seirbhísí Cultúrtha i gComhairle Chontae Dhún na nGall i gcomhar lena chomhpháirtithe san Fhóram Forbartha Cultúir (féach Aguisín 4).

Tá baill foirne ó Rannán na Seirbhísí Cultúrtha rannpháirteach i bhFóraim ábhartha eile de chuid Bhord Forbartha an Chontae , ina measc Grúpa na mBeart le haghaidh Cuimsiú Sóisialta, An Fóram Turasóireachta, An Fóram Comhshaoil agus an Forám um Foghlaim Fadsaoil.

An Ghaeilge

Maidir le tacaíocht do ghníomhaíochtaí cultúrtha Gaeilge agus gníomhaíochtaí curtha ar fáil trí mheán na Gaeilge, tugann Plean Straitéise na Seirbhísí Cultúrtha an t-aitheantas is dual dóibh do na haidhmeanna, cuspóirí agus prionsabail threoracha atá leagtha síos ins *An Straitéis le haghaidh Forbairt na nEalaíon sa Ghaeltacht 2005 – 2009* *. Mar an gcéanna, is féidir glacadh leis go mbaineann na haidhmeanna, cuspóirí agus prionsabail threoracha, mar atá siad leagtha síos sa phlean, le tacaíocht do ghníomhaíochtaí cultúrtha Gaeilge, agus seachadadh seirbhísí trí mheán na Gaeilge. Aithníonn an plean go follasach fosta an tábhacht atá leis an Ghaeilge mar acmhainn luachmhar don Chontae.
(* Údarás na Gaeltachta /An Chomhairle Ealaíon 2004)

Gné Trasteorann agus Idirnáisiúnta

Mar gheall ar shuíomh geografach Dhún na nGall, tá deiseanna ollmhóra ann do chomhoibriú le Tuaisceart Éireann, agus d'éirigh go hiontach maith le Rannán na Seirbhísí Cultúrtha dornán tograí Trasteorann a sheachadadh, ina measc Cartlann Scannánaíochta an Iarthuaiscirt, Cruthú Síochána i gContaetha na Teorann, togra forbartha léitheora darbh ainm *Inspiring Readers*, agus an Leabharlann Soghluaiste Trasteorann. Tá nasc agus caidreamh láidir oibre bunaithe leis an Nerve Centre i nDoire, Bord Oideachais agus Leabharlainne an Iarthair, Comhairle Chathair Dhoire agus Comhairle Dhúiche an tSratha Báin, gan ach cuid acu a lua. Beidh na cláracha maoiniúcháin atá ag nochtadh agus na ceangail atáthar a chur chun tosaigh le hAlbain, i gcomhthéacs oibriú le chéile i réimsí comhshochair (cultúr, turasóireacht, oidhreacht), beidh siad

comhshochair
of mutual interest

taiscéaladh
exploration

ábhartha do Rannán na Seirbhísí Cultúrtha. D'fhéadfadh cláracha eile de chuid an tAontas Eorpach deiseanna a chur ar fáil i gcomhthéacs réigiúnach nó tAontas Eorpach. Thar thréimhse an phlean seo, déanfar taiscéaladh ar thionscadail ionchasach Sruth na Murascaille (Gulf Stream) , ina n-áirítear na healaíona agus gnéithe oidhreachta.

Maoiniú don Phlean

Siocair go bhfuil Rannán na Seirbhísí Cultúrtha ina eilimint láidir de Chomhairle Chontae Dhún na nGall, déantar maoiniú suntasach ón údarás áitiúil a infheistiú sna seirbhísí Leabharlann, Ealaíon agus Oidhreachta a chuirtear ar fáil don phobal.

Lena chois sin, is foinsí tábhachtacha maoiniúcháin, comh-mhaoiniúcháin agus.nó eolas fá dheiseanna maoiniúcháin iad An Chomhairle Ealaíon, An Chomhairle Oidhreachta agus An Chomhairle Leabharlann.

D'fhéadfadh tionscadail mhóra caipitiúla a bheith i dteideal deontais ón Roinn Comhsaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil nó ón Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta. Fuair an Lárionad Réigiúnach Cultúrtha, a osclaíodh ar na mallaibh, maoiniú ó réimse foinsí, ina measc An Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta (ACCESS), Comhairle Chontae Dhún na nGall, Comhairle Baile Leitir Ceanainn, An Ciste Idirnáisiúnta d'Éirinn, Interreg IIIA agus An Chomhairle Ealaíon/An Bord Scannánaíochta.

Griangraf de Dorothea Alice Wood Grove, 1861, ón mbailiúcán , *The Groves of Castlegrove House*, a d'úsáideadh mar chuid den dtaispeántas, *The Past in The Present*, le Cartlann Chontae Dhún na nGall, 2008.
Griangraf: Cartlann Chontae Dhún na nGall.

De bharr go n-aithníonn Rannán na Seirbhísí Cultúrtha luachmhaireacht agus ábharthacht an chultúir do gach uile dhuine, beidh an Rannán ag obair go díograiseach ar mhaithe le cláracha a chur ar fáil, cibé go neamhspleách nó i gcomhar le heagraíochtaí agus gníomhaireachtaí eile, go háirithe le páirtithe leasmhara Bhord Forbartha an Chontae.

Tá Comhairle Chontae Dhún na nGall tiomanta le forbairt leanúnach a dhéanamh ar Rannán na Seirbhísí Cultúrtha agus leanfaidh siad ar aghaidh ag déanamh infheistíochta sa chultúr.

Coinneoidh foireann an Rannáin iad féin suas chun dáta leis na deiseanna ábhartha maoiniúcháin.

páirtithe leasmahra
stakeholders

tiomanta le
committed to

Cuid 4

Comhairliúchán agus Ullmhúchán an Phlean

Cuid 4
Comhairliúchán agus Ullmhúchán an Phlean

Compántas *Nicole et Martin*, ag Féile Ealaíne an Earagail 2008.
Griangraf: Declan Doherty

An Crann Uachtar. Séadchomhartha Easimirce Bhun a' Phobail, le Locky Morris, a choimisiúniú i 2008 mar chuid de chlár Ealaín Phoiblí Chomhairle Chontae Dhún na nGall. Tá an saothar suite ar Shean Ché Bhun a'Phobail.
Griangraf: Locky Morris

aiseolas
feedback

comhairliúcán
consultation

tiomanta
committed

ionchur
input

siocrach
instrumental

inmharthanacht
feasibility

Chomh maith leis an comhthéacs atá luaite leis an pholasaí sa mhír roimhe seo, bhí múnla na straitéise faoi thionchar an aiseolas a fuarthas ó chomhairliúchán leitheadach poiblí agus – rud a bhí ríthábhachtach – ó fhoghlaim na taithí praiticiúla a fuair ár bhfoireann agus lucht bainistíochta maraon le réimse leathan de chomhpháirtithe tiomanta agus páirtithe leasmhara, le linn don phlean roimhe seo a bheith á chur i bhfeidhm.

Cuireadh luath-dhréacht den phlean faoi bhráid an Choiste um Pholasaí Straitéiseach Pobail, Corparáideach, Cultúir agus Fiontair chun é a phlé lena gcuid ball, ar a n-áirítear Comhaltaí Tofa agus ionadaithe ón Earnáil Pobail/Deonach. Tugadh cuireadh fosta don Choiste Cultúrtha, curtha le chéile ó Chomhaltaí Tofa, nó ionadaithe atá ainmnithe acu, a mbarúil a thabhairt faoin luath-dhréacht. Tugadh cuireadh don Bhord Forbartha Contae agus do bhaill an Fhóraim um Fhorbairt Chultúrtha a bheith rannpháirteach sa phróiseas comhairliúcháin. Agus lena chois sin, fuair an Fhoireann Bainistíochta Sinsearach cuireadh a n-ionchur a chur isteach sa phlean.

Ba iad triúr ball foirne, duine amháin as gach réimse seirbhíse, in éineacht le Bainisteoir Rannáin na Seirbhíse Cultúrtha, a threoraigh forbairt na straitéise, le tacaíocht proifisiúnta ó rannóga Polaisí Straitéiseach agus Taighde is Polaisí de chuid Comhairle Dhún na nGall. Bhí aiseolas agus cabhair ó bhaill foirne ar fud na seirbhíse siocrach i múnlú gach céim den phlean, mar gheall ar leibhéal a n-idirghníomhú díreach leis an phobal ó lá go lá, agus a dtaithí luachmhar i bhforbairt, i mbainistíocht agus i seachadadh na seirbhísí atá ann cheana féin. Rinneadh teideal an phlean, ie. *Ceangail Cultúrtha*, a roghnú i ndiaidh cuireadh a thabhairt do na ball foirne go léir ainm fóirsteanach a mholadh don phlean úrnua. Tháinig moltaí ó rannóga eile laistigh den Chomhairle Contae agus ó pháirtithe leasmhara príomha ar fud an Chontae agus níos faide ar shiúl, moltaí go léir a bhí tábhachtach ó thaobh ábharthacht agus inmharthanacht an phlean seo a chinntiú.

An Próiseas

Mhair tréimhse an chomhairliúcháin poiblí don phlean seo ón 27ú lá de Shamhain go dtí an 29ú lá de mhí na Nollag 2006. Rinneadh fógraíocht leitheadach ar sheacht gcruinniú comhairliúcháin phoiblí – ceann amhain i ngach ceann de na sé thoghcheantar sa Chontae agus ceann amháin i gCeannáras na Comhairle Contae i Leifear. Fuarthas cuid mhór eolais thar a bheith úsáideach ar réimse leathan saincheisteanna ábhartha ó na cruinnithe agus ceardlanna seo.

Le linn na tréimhse comhairliúcháin fosta, rinneadh glao oscailte do mholtaí i scríbhinn, nó ar-líne, ag úsáid ceistneoir scríofa. Mar thoradh ar an ghné seo den chomhairliúchán, fuarthas 46 freagra i scríbhinn, naoi gcinn acu sin tríd an chóras ar-líne ar a dtugtar an 'Econet System'.

Iarradh ar rannpháirtithe a mbarúlacha agus a ndearcadh a thabhairt ar na cúig ghné seo a leanas den tseirbhís:

- Rochtain ar chultúr agus Rannpháirtíocht sa Chultúr
- Cáilíocht na Seirbhíse curtha ar fáil
- Buntáistí Oideachasúla an Chultúir
- Sármhaitheas agus Nuáil i gCultúr
- Cur Chun Cinn agus Cosaint ár n-Oidhreacht Chultúrtha do na glúnta atá le teacht

Lena chois sin, bhí comhairliúchán inmheánach ar fud na seirbhíse déanta leis na baill foirne agus le daoine ábhartha eile i bhfeidhmeannas na Comhairle Contae.

lonnaíocht uirberach
urban centres

bodaigh móra
upper class elite

iniata
inclusive

leithleacais
exclusivity

bac
barrier

cleithiúnaithe
family dependents

tiuchán
concentration

Rochtain ar Chultúr agus Rannpháirtíocht sa Chultúr

Bhí an dearcadh go forleathan i measc na bhfreagróirí go raibh na seirbhísí comhchruinnithe sna bailte is mó sa chontae. Is contae scaipthe tuaithe é Dún na nGall, le céatadán mór den daonra (58%) ina gcónaí lasmuigh d'aon cheann de na 56 lonnaíocht uirbeach. Is cinnte go bhfuil sé fíor go gcaithfidh an mhórchuid de na gníomhaíochtaí a bheith comhchruinnithe laistigh de na lonnaíochtaí uirbeacha ina bhfuil daonra mór agus a bhfuil sé d'acmhainn acu daoine a mhealladh isteach ó na ceantair máguaird. Mar sin féin, tá mórán déanta ag Rannán na Seirbhísí Cultúrtha le dornán blianta ar mhaithe lena chuid gníomhaíochtaí a spréadh chomh leathan agus is féidir ar fud fad an Chontae, a bhuíochas do thionscnaimh macasamhail, mar shampla, Taobh Tíre agus Féile Ealaíne an Earagail.

Ba é an dearcadh gurb é do bhodaigh mhóra amháin atá gníomhaíochtaí cultúrtha an dara bac a ba mhó i gcoinne na rannpháirtíochta. Tá obair shuntasach déanta i gContae Dhún na nGall ar mhaithe le seirbhísí a dhéanamh níos iniata ón taobh sóisialta de agus ní haon eisceacht na Seirbhísí Cultúrtha sa chás seo. De bharr go bhfuil comhoibriú méadaithe idir Rannán na Seirbhísí Cultúrtha agus an córas oideachais agus nascanna le grúpaí pobail ar fud an Chontae, táthar ag súil go dtiocfaidh laghdú ar an dearcadh leithleachais seo.

Ba iad deacrachtaí mar gheall ar easpa sa chóras iompair phoiblí an tríú bac a ba mhó in aghaidh inrochtaineachta ar ghníomhaíochtaí cultúrtha.

Figiúr 3. Bacanna ar Rochtain agus Rannpháirtíocht i gCultúr



(*Tabhair faoi deara go dtug 46 freagróir ilfhreagraí ar an cheist seo)

Figiúr 4. Modhanna mollta le Fasacht an Phobail i dtaobh na Seirbhísí Cultúrtha an mhéadú.



Cáilíocht na Seirbhíse Curtha ar Fáil

Tharraing torthaí an chomhairliúcháin phoiblí aird ar an tábhacht atá le baill foirne eolasacha tiomanta do bhaint amach agus cothabháil seirbhís seasmhach d'ardcháilíocht.

Nuair a iarradh ar na rannpháirtithe sa chomhairliúchán na príomhghnéithe de sheirbhís ardcháilíochta a aithint, ba iad seo a leanas na cinn a d'aithin siad:

- Curtha in iúl go maith
- Maoinithe go maith
- Inacmhainne
- Inrochtana
- Dírithe ar an chustaiméir
- Baill foirne pléisiúrtha a bhfuil suim acu ina gcuid oibre
- Ag spreagadh spéise sa chultúr
- Monatóireacht déanta.

líonraí pobail
community networks

cothabháil
maintenance

inachmhainne
well resourced

inrochtanna
accessible

Buntáistí Oideachasúla an Chultúir

Bhí leibhéal ard feasachta i measc na bhfreagróirí i dtaca leis na tionscadail chomhoibrithe éagsúla a ndeachaigh na Seirbhísí Cultúrtha ina mbun i gcomhar le soláthraithe oideachais. Bhí feasacht an-ard ar thionscnaimh in earnáil an bhunoideachais.

Bhi na freagróirí iontach tuisceana ar an ról a d'fhéadfadh a bheith ag na

seirbhísí cultúrtha ar shaibhriú na taithí oideachasúla, agus chuir siad chun tosaigh roinnt tionscnamh inoibrithe a bh'féadfaí tabhairt fúthu sa réimse seo.

Sármhaitheas agus Nuáil sa Chultúr

Luaigh na freagróirí mórán imeacht agus tionscnamh a mheas siad a bheith nuálach agus curtha i bhfeidhm go fíor sármhaith. Mar shampla, rinneadh trácht ar roinnt tograí pobail chomh maith leis an tlonad Cultúrtha Réigiúnach, Féile Ealaíne an Earagail agus tograí for-rochtana éagsúla a thionscnaigh Rannán na Seirbhísí Cultúrtha.

Cur chun cinn agus Cosaint ár n-Oidhreacht Chultúrtha do na Glúnta atá le teacht

Iarradh ar na rannpháirtithe sa chomhairliúchán grádú a dhéanamh ar gach gné den chultúr de réir a dtábhacht ina saol. Tá na torthaí le feiceáil i bhFigiúr 5.

Figiúr 5: Áireamh an Tábhacht atá ag gach Gné den Chultúr



tairgeach
productive

tosaíochtaí
priorities

earnáil
sector

Freagraí ar Leith

Seo a leanas cuid den mhéid a bhí le rá ag freagróirí faoin ghné seo den chomhairliúchán:

- *"Cuireann ceol, ealaín, stair, litríocht agus ár n-oidhreacht saibhreas iontach ar fáil inár bpobal. Cuir rochtain áitiúil ar fáil ar a leithéid, le do thoil"*
- *"Tá ról tábhachtach le himirt ag seirbhísí cultúrtha san oideachas, go háirithe oideachas do pháistí"*
- *"Tá gach uile ghné den chultúr tábhachtach ar mhaithe le sochaí de dhaoine sona táirgeach a chruthú"*
- *"Oiread daoine agus is féidir a dhéanamh gníomhach, ionas go mothóidh siad go bhfuil páirt bhríomhar thábhachtach acu i saol an Chontae."*

Tháing teachtaireachtaí tábhachtacha chun solais ón phróiseas comhairliúchain poiblí, ina measc an gá atá le feasacht a ardú i dtaca leis na seirbhísí atá ar fáil cheana féin, an gá atá le bacanna, cibé fíor nó meabhairbhraite, a réiteach, agus an gá le leanúint de bheith ag forbairt agus ag seachadadh seirbhísí cultúrtha den chéad scoth. I measc na dteachtaireachtaí príomha a tháinig as an chomhairliúchán leis an fhoireann, bhí tiomantas do chothabháil agus leathnú ar sheachadadh seirbhísí cultúrtha d'ardchaighdeán chuig an phobal ar fud an chontae agus chuig úsáideoirí ar-líne. Tá sé seo le feiceáil go soiléir sa líon mór aidhmeanna agus gníomhartha a bhaineann le forbairt agus seachadadh ar sheirbhísí níos fearr. Rinne an Grúpa Stiúrtha ar an Phlean Straitéiseach mionscrúdú ar thorthaí an chomhairliúcháin agus ar iomlán an aiseolais agus na barúlacha a fuarthas. Tugadh fócas eile do chuid de na gníomhaíochtaí agus cuireadh roinnt gníomhaíochtaí úra san áireamh.

Glacadh leis an Phlean

Cheadaigh an Coiste um Pholasaí Straitéiseach an dréacht deiridh i mí Mheithimh 2008. Gheall na baill tacaíocht do chur i bhfeidhm an phlean agus dhearbhaigh siad luachmhaireacht an chultúir i gcur chun tosaigh infheistíocht isteach, comhoibriú trasteorann agus turasóireacht. Chuir na baill béim ar an tábhacht atá le nascanna le soláthraithe bunoideachais, soláthar for-rochtana, ag obair le daoine scothaosta, comhairliúchán poiblí, ag aimsiú foinsí maoiniúcháin do bhonneagar, agus ag seachadadh seirbhísí i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí eile. D'aontaigh na baill go raibh sé thar a bheith tábhachtach dul i ngleic leis an dearcadh gur do na bodaigh mhóra amháin atá cúrsaí cultúir. Moladh dóigheanna ina bhféadfadh na baill cuidiú le heolas a chur os comhair an phobail.

Rinne Comhairle Chontae Dhún na nGall an plean a cheadú ag an chruinniú i mí Iúil. I measc na dtosaíochtaí a aithníodh, tá sárú bacanna ar rochtain seirbhísí, páistí a dhéanamh eolach ar na healaíona, seirbhísí á gcur ar fáil go díreach agus/nó i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí nó comhlachtaí eile, agus tacaíocht d'foghlaim fadsaoil.

Tá an clár oibre don 2009 agus do na blianta ina dhiaidh sin bunaithe ar an Phlean Straitéiseach.

Compántas Damhsa Fidget Feet ina seó, *A Fairy's Tale*, a chuireadh i láthair ag Teach is Gailearaí an Ghléib, Mín a'Labáin, le linn Féile Ealaíne an Earagail 2007. Griangraf: Declan Doherty

Cuid 5

Ráiteas Straitéise - Bunchuspóir, Spriocanna, Aidhmeanna agus Gníomharthaí

Cuid 5
Ráiteas Straitéise - Bunchuspóir, Spriocanna, Aidhmeanna agus Gníomharthaí

Sainmhíníonn *An Straitéis* an 'Cultúr' mar a leanas: "Is ionann cultúr agus an dóigh chruthaitheach ina gcuirimid muid féin in iúl. Caitheann sé léargas ar na gnásanna a chleacht muid san am a chuaigh thart chomh maith le taithí na linne seo" agus leagtar síos fís don chultúr sa todhchaí mar "áit in bhfaighidh gach uile dhuine den phobal spreagadh agus tairbhe ó ghníomhaíocht chultúrtha".

Is é seo a leanas an bunchuspóir atá ag Rannán na Seirbhísí Cultúrtha i gComhairle Chontae Dhún na nGall: "Saol agus mothú féiniúlachta mhuintir an Chontae a shaibhriú, a ndeiseanna sóisialta agus cultúrtha a fheabhsú, agus a n-oidhreachta chultúrtha a chaomhnú don ghlúin atá ann anois agus do na glúnta atá le teacht tríd na seirbhísí Leabharlainne, Ealaíon, Músaeim, Cartlainne agus Oidhreachta a chothabháil agus a fhorbairt".

Treoirphrionsabail

Ar mhaithe leis an bhunchuspóir seo a bhaint amach, cuirfidh Rannán na Seirbhísí Cultúrtha i bhfeidhm na prionsabail seo a leanas:

- **Comhionannas agus Cuimsitheacht**
- **Fiúntas**
- **Oideachas agus Foghlaim Fadsaoil**
- **Proifisiúntacht**
- **Comhpháirtíocht**
- **Sármhaitheas agus Nuáil**
- **Urraim do Thábhacht an Chultúir agus d'Éagsúlacht Chultúrtha**
- **Caomhnú ar an Oidhreacht Chultúrtha**
- **Inbhuaine**

comhionannas agus cuimsitheacht
equality and accessibility

inbhuaine
sustainability

Sprioc 1

Fáil ar Imeachtaí cultúrtha i gContae Dhún na nGall a fheabhsú agus Rannpháirtíocht iontu a mhéadú

Sprioc 2

Seirbhís d'Ardchaighdeán a chothú agus a fhorbairt

Sprioc 3

Fiúntas Oideachasúil an chultúir a chur chun cinn agus a fhorbairt

Sprioc 4

Sármhaitheas agus Nuáil a chur chun cinn

Sprioc 5

Tábhacht an chultúir a chur chun cinn agus an oidhreacht chultúrtha a Chaomhnú

sprioc
goal

Sprioc 1

Fáil ar Imeachtaí cultúrtha i gContae Dhún na nGall a fheabhsú agus Rannpháirtíocht iontu a mhéadú

Aidhm 1.1

Leanúint de bheith ag aithint agus ag dul i ngleic le bacanna ar rochtain agus rannpháirtíocht i gcultúr

Aidhm 1.2

A chinntiú go ndéanfar seacadadh ar cláracha na Seirbhísí Cultúrtha de réir fealsúnacht atá bunaithe ar chomhionannas rochtana trí sholáthar for-rochtana.

Aidhm 1.3

Feasacht ar na Seirbhísí Cultúrtha, agus á n-úsáid, a ardú i measc gach uile dhuine den phobal

Aidhm 1.4

Leanúint de bheith ag forbairt agus ag tacú leis an líonra de sholáthraithe seirbhíse cultúrtha ar fud an Chontae, cibé neamhspleách nó tionscnaithe ag Comhairle Chontae Dhún na nGall.

Aidhm 1.1
Leanúint de bheith ag aithint agus ag dul i ngleic le bacanna ar rochtain agus rannpháirteacht i gcultúr.

Gníomh 1.1.1
Iniúchadh rochtana a dhéanamh ar bhonneagar na Seirbhísí Cultúrtha agus na moltaí a thagann as a chur i bhfeidhm. Leanúint de bheith ag aithint agus ag dul i ngleic le bacanna ar rochtain agus rannpháirteacht i gcultúr.

Gníomh 1.1.2
Oiliúint in ilchultúrachas, tuiscint ar aois, míchumas srl. a chur ar fáil don fhoireann tosaigh.

Gníomh 1.1.3
Ábhar priontála níos inrochtana a dhearadh agus ábhar i bhformáidí eile a tháirgeadh.

Gníomh 1.1.4
Leanúint ag forbairt agus ag deimhniú Clár Imeachtaí agus Féilte Chomhairle Contae Dhún na nGall

Gníomh 1.1.5
Cláracha a sheachadadh i gcomhthéacs sláinte, míchumas, daoine scothaosta, éagsúlacht chultúrtha, pobal, scoileanna, páistí agus aos óg.

Gníomh 1.1.6
A chinntiú go gcoinnítear táillí chomh híseal agus is féidir agus go gcuirtear ar fáil clár suntasach d'imeachtaí agus de sheirbhísí saor in aisce.

Gníomh 1.1.7
Cláracha ar leith a fhorbairt do spriocghrúpaí, ina measc iad siúd atá, nó a mhothaíonn faoi eiseamh sóisialta, sna seirbhísí cultúrtha go léir.

Gníomh 1.1.8
Togra píolótach a aithint agus dul ina cheann ar mhaithe le rannpháirtíocht ó lucht éisteachta/féachana ilchultúrtha a mhéadú.

Gníomh 1.1.9
Ról Rannán na Seirbhísí Cultúrtha a mheas maidir le saoránacht ghníomhach a fhorbairt.

Gníomh 1.1.10
Comhoibriú le Fóram Iompair Bhord Forbartha an Chontae chun rochtain ar sheirbhísí cultúrtha a fheabhsú.

Aidhm 1.2
A chinntiú go ndéanfar seacadadh ar cláracha na Seirbhísí Cultúrtha de réir fealsúnacht atá bunaithe ar chomhionannas rochtana trí sholáthar for-rochtana.

Gníomh 1.2.1
Athbhreithniú agus forbairt, bunaithe ar mheasúnacht neamhspleách, a dhéanamh ar na seirbhísí atá ag Taobh Tíre san am i láthair.

Gníomh 1.2.2
Na nascanna atá ann a chomhdhlúthú agus nascanna úrnua a chothú leis an phobal, le grúpaí imeallacha agus le grúpaí deonacha, ar mhaithe le seirbhísí for-rochtana a chur ar fáil.

Gníomh 1.2.3
Leanúint de bheith ag feabhsú na cláracha for-rochtana atá a gcur ar fáil i láthair na huaire ag na Seirbhísí Leabharlainne, Ealaíon, Músaeim, Cartlainne agus Oidhreachta sna hlonaid Seirbhísí Pobail, sna hionaid for-rochtana agus in áiteanna eile.

Gníomh 1.2.4
Forbairt agus cur i bhfeidhm a dhéanamh ar pholasaí do thaispeántais ealaíon taistil agus camchuairte

bonneagar
infrastructure

spriocghrúpaí
target groups

eiseamh soisialta
social exclusion

Aidhm 1.3

Feasacht ar na Seirbhísí Cultúrtha, agus á n-úsáid, a ardú i measc gach uile dhuine den phobal

Gníomh 1.3.1
Plean Margaíochta do na Seirbhísí Cultúrtha a ullmhú agus a chur i bhfeidhm.

Gníomh 1.3.2
Ceapachán d'Oifigeach Cumarsáide a lorg.

Gníomh 1.3.3
Straitéis cumarsáide do Sheirbhísí Cultúrtha laistigh de Chontae Dhún na nGall a chur faoi lán seoil.

Gníomh 1.3.4
Eolairí fá na seirbhísí a chuireann Rannán na Seirbhísí Cultúrtha ar fáil a ullmhú agus a fhoilsiú.

Gníomh 1.3.5
Leanúint ar aghaidh le heagrú clár agus seirbhísí cuimsitheacha do chónaitheoirí agus do chuairteoirí, ar bhunús contae agus ar-líne.

Aidhm 1.4

Leanúint de bheith ag forbairt agus ag tacú leis an líonra de sholáthraithe seirbhíse cultúrtha ar fud an Chontae, cibé neamhspleách nó tionscnaithe ag Comhairle Chontae Dhún na nGall.

Gníomh 1.4.1
Leanúint de chothabháil ioncaim agus maoiniú na gclár, m.sh. An Clár Cistiúcháin Ioncaim do Pháirtíocht Straitéiseach.

Gníomh 1.4.2
Na cláracha deontais a chuireann na heagraíochtaí Stáit go léir ar fáil a chur chun tosaigh, ar a n-áirítear An Chomhairle Ealaíon, An Chomhairle Oidhreachta, srl.

Gníomh 1.4.3
Leanúint de bheith ag feabhsú comhpháirtíochtaí le soláthraithe cultúrtha neamhspleácha i nDún na nGall agus níos faide ar shiúl.

Gníomh 1.4.4
Comhairle agus tacaíocht a thabhairt don mhúsaem, don chartlann, do na hinstitiúidí ginealaigh agus stair áitiúil, do na hionaid oidhreachta agus eagraíochtai eile, ar mhaithe le dea-chleachtas.

Sprioc 1

Measúnú Feidhmíochta

Déanfar an dul chun cinn i mbaint amach na sprice seo a mheas trí úsáid a bhaint as táscairí, iad seo a leanas ina measc:

- Iniúchadh ar inrochtaineacht curtha i gcrích, plean forfheidhmithe ullmhaithe agus curtha i bhfeidhm
- Líon na mball foirne oilte ar inrochtaineacht agus saincheisteanna eile
- Córais aiseolais curtha in áit ar mhaithe le barúlacha na bpáirtithe leasmhara a fháil ar inrochtaineacht
- Leibhéil freastail ag imeacht na bhféilte ar fud an Chontae
- Líon na n-imeachtaí saor in aisce a cuireadh ar fáil
- Aiseolas faigthe ó rannpháirtithe in imeachtaí agus i gcláracha speisialta
- Comhpháirtíocht agus comhoibriú le páirtithe leasmhara ábhartha
- Comhoibriú le líonraí pobail/páirtithe leasmhara Bhord Forbartha an Chontae
- Moltaí thuarascáil Taobh Tíre curtha i bhfeidhm
- Plean margaíochta ullmhaithe
- Ceapúcáin Oifigeach Margaíochta
- Eolairí fá na seirbhísí curtha le chéile
- Comhairle agus cuidiú curtha ar fáil d'eagraíochtaí cultúrtha aitiúla

An Clár Cistiúcháin Ioncaim do Pháirtíocht Straitéiseach
Strategic Partnership Revenue Programme

measúnú feidhmíochta
performance assessment

táscairí
indicators

plean forfheidhmithe
implementation plan

Sprioc 2

Seirbhís d'Ardchaighdeán a chothú agus a fhorbairt

Aidhm 2.1

A chinntiú go mbeidh leibhéal seasmhach de sheirbhís proifisiúnta a cur ar fáil ag ball foirne tiomanta ardoilte.

Aidhm 2.2

Feabhsú leanúnach a dhéanamh ar sheirbhísí trí theicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide

Aidhm 2.3

An bonneagar fisiceach do sheachadadh Seirbhísí Cultúrtha a leathnú agus a fhorbairt.

Aidhm 2.4

Eolas agus comhairle a chur ar fáil

Aidhm 2.1

A chinntiú go mbeidh leibhéal seasmhach de sheirbhís proifisiúnta a cur ar fáil ag ball foirne tiomanta ardoilte.

Gníomh 2.1.1
Méadú a dhéanamh ar infheistíocht 'per capita' Údaráis Áitiúla Dhún na nGall sna Seirbhísí Cultúrtha sa Chontae.

Gníomh 2.1.2
Cúram custaiméara d'ardchaighdeán a chur ar fáil de réir an pholasaí atá glachta leis ag an Chomhairle Chontae.

Gníomh 2.1.3
Moltaí na Tuarascála Deiridh ón Mheitheal Oibre ar Sholáthar Foirne sna Seirbhísí Cultúrtha (2002) a chur i bhfeidhm. Leibhéil soláthar foirne sna leabharlanna a mhéadú suas chuig agus thar na leibhéil náisiúnta.

Gníomh 2.1.4
De bharr nithe a tháinig chun solais ar na mallaibh, an tuarascáil a athbhreithniú agus tuilleadh moltaí a dhéanamh.

Gníomh 2.1.5
Pleananna Sláinte agus Sábháilteachta a ullmhú do na láithreáin go léir ina bhfuil na Seirbhísí Cultúrtha lonnaithe.

Gníomh 2.1.6
Oibriú i dtreo stádas Dhún na nGall i dtáscairí seirbhíse na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil a fheabhsú.

Gníomh 2.1.7
Forbairt a déanamh ar thacar cuimsitheach de tháscairí feidhmíochta a bheas oiriúnach do riachtanais an Rannáin Seirbhísí Cultúrtha.

Gníomh 2.1.8
Pleananna d'fhorbairt foirne a ullmhú, ina mbeidh Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta san áireamh.

Gníomh 2.1.9
Polasaí d'inaistritheacht foirne a fhorbairt do Rannán na Seirbhísí Cultúrtha, ie. do phostanna sainoilteachta, i gcomhthéacs pholasaí na Comhairle Contae do phostanna ginearálta.

Gníomh 2.1.10
Bunú linn faoisimh foirne a fhiosrú.

Gníomh 2.1.11
Cruthú agus cur i bhfeidhm a dhéanamh ar pholasaí forbartha do bhailiúcháin nua do leabharlanna agus do bhailúchán ealaíne Chomhairle Contae Dhún na nGall.

Gníomh 2.1.12
Leanúint de bheith ag leathnú agus ag forbairt seirbhísí faisnéise d'ardchaighdeán.

Gníomh 2.1.13
Leanúint de bheith ag cur rochtain ar fáil chuig eolas níos leitheadaí ón údarás áitiúil, i bhfoirm priontáilte agus ar-líne.

Gníomh 2.1.14
Rannpháirtíocht i sainoiliúint a mhéadú i measc na mball foirne go léir i Rannán na Seirbhísí Cultúrtha.

Gníomh 2.1.15
Leibhéil na seirbhíse trí mheán na Gaeilge a ardú sna ceantair Ghaeltachta agus ar fud an Chontae.

tacar
set

inaistritheacht foirne
staff mobility

linn faoisimh foirne
staff relief pool

sainoiliúint
specialised training

Aidhm 2.2

Feabhsú leanúnach a dhéanamh ar sheirbhísí trí theicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide

Gníomh 2.2.1
Straitéis forbartha gréasáin a chur le chéile agus a chur i bhfeidhm.

Gníomh 2.2.2
Suíomh gréasáin úrnua a chruthú mar thairseach do chruthú pointe lárnach amháin óna bhféadfar iomlán na Seirbhísí Cultúrtha a aimsiú.

Gníomh 2.2.3
Na suíomh gréasáin atá ann a fheabhsú chun a chinntiú go bhfuil eolas, sonraí agus catalóga ar fáil ar-líne, maraon le turais fhíorúla taispeána agus áiseanna eile.

Gníomh 2.2.4
Leibhéal na seirbhísí ar-líne a leathnú agus tuilleadh cur chun cinn a dhéanamh ar na seirbhísí atá ar fáil cheana féin, m.sh. Ask-a-Librarian.

Gníomh 2.2.5
Líonra Theicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide na leabharlann a chríochnú

Gníomh 2.2.6
Polasaithe Theicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide a athbhreithniú in iomlán na Seirbhísí Cultúrtha agus easpaí ar bith a aithnítear a réiteach.

Aidhm 2.3

An bonneagar fisiceach do sheachadadh Seirbhísí Cultúrtha a leathnú agus a fhorbairt.

Gníomh 2.3.1
Foinsí féideartha maoiniúcháin a fhiosrú ar mhaithe leis an bhonneagar fisiceach do sheachadadh na Seirbhísí Cultúrtha a leathnú agus a fhorbairt ar aon dul leis na tosaíochtaí comhaontaithe (Féach liosta tosaíochtaí san Aguisín).

Gníomh 2.3.2
Easnaimh bonneagair a athbhreithniú, ag úsáid an Iniúchadh de *Chompás Cultúrtha* – agus modhanna eile – agus iarracht a dhéanamh dul i ngleic leo.

Aidhm 2.4

Eolas agus comhairle a chur ar fáil

Gníomh 2.4.1
Eolas agus comhairle a chur ar fáil do na comhaltaí tofa, do bhaill foirne na Comhairle Contae, don phobal i gcoitinne agus do ghrúpaí pobail ar nithe atá ábhartha (Leabharlanna, Ealaíona, Músaem, Cartlann, Oidhreacht).

Gníomh 2.4.2
Tuairisciú a dhéanamh ar thionchar phleananna forbraíochta agus pleananna ábhartha eile chomh fada is a bhaineann siad le cultúr.

tairseach
platform

turas fíorthúla thaispeántais
virtual exhibition tours

bonneagair
infrastructure

seachadadh seirbhísí
service provision

tosaíochtaí
priorities

Sprioc 2

Measúnú Feidhmíochta

Déanfar an dul chun cinn i mbaint amach na sprice seo a mheas trí úsáid a bhaint as táscairí, iad seo a leanas ina measc:

- Méadú tagtha ar infheistíocht per capita sna Seirbhísí Cultúrtha
- Traenáil agus forbairt na mball foirne déanta
- Pleananna Sláinte agus Sábháilteachta ullmhaithe do na hionaid go léir
- Feabhas tagtha ar an seasamh sna Táscairí Seirbhíse
- Córas CBFF (Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta) curtha i bhfeidhm
- Forbairt déanta ar pholasaí d'inaistritheachta foirne
- Polasaí ullmhaithe do fhorbairt na mbailiúchán
- Éileamh ar an Idirlíon agus ar áiseanna ar-líne
- Éileamh an phobail ar na seirbhísí
- Éifeachtaí bainte amach de bharr nuachóiriú a bheith déanta ar chórais na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide
- Feabhsúcháin déanta ar bhonneagar, mar gheall ar chlár forbartha caipitil agus iniúchadh ar Chompás Cultúrtha
- Páirt a ghlacadh i gcomhairliúcháin ag leibhéil contae, réigiúnach agus náisiúnta

Táscairí Seirbhíse
Service Indicators

Fobartha Feidhmíochta
performance development

Sprioc 3

Fiúntas Oideachasúil an chultúir a chur chun cinn agus a fhorbairt

Aidhm 3.1
Comhdhlúthú a dhéanamh ar nascanna atá ann agus nascanna agus comhpháirtíochtaí úra a chothú le soláthraithe oideachais agus traenála.

Aidhm 3.2
Polasaí agus cur chuige comhordaithe i leith an oideachais a fhorbairt ar bhunús contae.

Aidhm 3.3
Sonraí a bhailiú agus taighde a dhéanamh ar ghnéithe de chultúr Chontae Dhún na nGall.

comhdhlúthú
consolidation

Aidhm 3.1

Comhdhlúthú a dhéanamh ar nascanna atá ann agus nascanna agus comhpháirtíochtaí úra a chothú le soláthraithe oideachais agus traenála.

Gníomh 3.1.1
Cothabháil a dhéanamh ar sheirbhís leabharlainne na mbunscoileanna, le tacaíocht ó Roinn an Oideachais.

Gníomh 3.1.2
Athbhreithniú a dhéanamh ar an soláthar atá ar fáil do sholáthraithe oideachasúla agus moltaí a chur chun tosaigh ar mhaithe le seirbhísí a fheabhsú (m.sh. mic léinn litearthachta agus teagascóirí, taispeántais sna scoileanna dara leibhéal).

Gníomh 3.1.3
Acmhainní agus áiseanna Rannán na Seirbhísí Cultúrtha a chur chun cinn i measc soláthraithe oideachais agus traenála.

Gníomh 3.1.4
Ábhair tacaíochta oideachasúla a chur ar fáil, pacaí oideachasúla téamacha san áireamh.

Gníomh 3.1.5
Clár oiliúna ábhartha a fhorbairt do mhúinteoirí.

Aidhm 3.2

Polasaí agus cur chuige comhordaithe i leith an oideachais a fhorbairt ar bhunús contae.

Gníomh 3.2.1
Dóigh a chruthú do sheachadadh comhordaithe na seirbhísí ealaíon agus oideachas cultúrtha sa Chontae trí chomhoibriú le soláthraithe neamhspleácha ar mhaithe le clár oideachais comhordaithe agus cothrom a chur ar fáil ar fud an Chontae.

Gníomh 3.2.2
Straitéis d'fhoghlaim fadsaoil a chur le chéile i gcomhar le soláthraithe cultúrtha agus oideachasúla eile, agus gan dearmad a dhéanamh d'fhoghlaimeoirí neamhspleácha.

Gníomh 3.2.3
Foghlaimeoirí neamhspleácha a spreagadh agus a éascú ina gcuid spéiseanna roghnaithe.

Gníomh 3.2.4
Clár leitheadach um Oideachas Ealaíon a eagrú agus a sheachadadh tríd Seirbhís Ealaíon an Chontae, an tIonad Cultúrtha agus an Clár d'Ealaíon Poiblí.

Gníomh 3.2.5
Ceapachán a lorg ar Oifigeach Oideachais a bheas ag obair leis an Mhúsaem, le Seirbhís na Cartlainne agus leis an Oifig Oidhreachta.

Gníomh 3.2.6
Bróisiúr bolscaireachta ar na Seirbhísí Cultúrtha a fhoilsiú do na bunscoileanna.

Gníomh 3.2.7
Soláthar d'oiliúint ghairmiúil tríú leibhéal a spreagadh agus daoine a ghríosadh le tairbhe a bhaint as.

pacaí téamacha
themed packs

a éascú
to fascilitate

clár leitheadach
comprehensive programme

Aidhm 3.3

Sonraí a bhailiú agus taighde a dhéanamh ar ghnéithe de chultúr Chontae Dhún na nGall.

Gníomh 3.3.1
Iniúchadh a dhéanamh ar iomlán soláthraithe d'oideachas cultúrtha atá sa Chontae.

Gníomh 3.3.2
Bunachar sonraí a chruthú agus a chur ar fáil, bunachar ina mbeidh an t-eolas atá ag Comhairle Chontae Dhún na nGall faoin oidhreacht nádúrtha, thógtha agus chultúrtha.

Gníomh 3.3.3
Taighde ar ghnéithe áirithe de stair agus oidhreacht Chontae Dhún na nGall a éascú agus a spreagadh.

Gníomh 3.3.4
An gá atá le liosta chuimsitheach de shócmhainní oidhreachta de chuid Comhairle Chontae Dhún na nGall, a mholadh agus a chur chun tosaigh.

Sprioc 3

Measúnú Feidhmíochta

Déanfar an dul chun cinn i mbaint amach na sprice seo a mheas trí úsáid a bhaint as táscairí, iad seo a leanas ina measc:

- Líon na dtionscnamh comhpháirtíochta a ndeachas ina mbun le soláthraithe oideachais
- Líon na nbunsoileanna ag úsáid na seirbhísí
- Leibhéil rannpháirtíochta dhaltaí bunscoile agus iar-bhunscoile i dtionscnaimh
- Modh córasach curtha in áit chun aiseolas ó rannpháirtithe ar thionscnaimh oideachasúla a mheas
- Ráiteas ar pholasaí oideachais ullmhaithe do Rannán na Seirbhísí Cultúrtha
- Iniúchadh déanta ar sholáthraithe d'oideachas cultúrtha sa Chontae
- Ábhair acmhainne chun tacú leis an earnáil oideachais curtha le chéile
- Bróisiúr ar Sheirbhísí Cultúrtha ábhartha do scoileanna curtha le chéile
- Líon múinteoirí rannpháirteach i gcláracha traenála
- Bunachair sonraí d'fhaisnéis oidhreachta curtha le chéile
- Líon na dtograí taighde ar thopaicí cultúrtha sa Chontae a ndeachthas ina mbun
- Ceapachán ar Oifigeach Oideachais

shócmhainní oidhreachta
heritage assets

modh córasach
systematic method

earnáil oideachais
educational sector

Sprioc 4

Sármhaitheas agus Nuáil a chur chun cinn

Aidhm 4.1

Timpeallacht a chruthú a spreagann agus a thugann tacaíocht do chruthaitheacht san áit oibre agus i measc an phobail.

Aidhm 4.2

Iarracht a dhéanamh cloí leis na caighdeáin is airde dea-chleachtais náisiúnta agus idirnáisiúnta i ndáil le seachadadh seirbhísí cultúrtha.

Aidhm 4.3

Timpeallacht chuiditheach a chruthú d'ealaíontóirí sa dóigh go dtig leo saothar ealaíon úrnua a chruthú.

Aidhm 4.1

Timpeallacht a chruthú a spreagann agus a thugann tacaíocht do chruthaitheacht san áit oibre agus i measc an phobail.

Gníomh 4.1.1
Cuidiú le taighde agus nuáil laistigh de Chomhairle Chontae Dhún na nGall agus go náisiúnta laistigh de leabharlanna, na healaíona agus san oidhreacht.

Gníomh 4.1.2
Traenáil a thacaíonn le nuáil a chur ar fáil

Gníomh 4.1.3
Comhpháirtíochtaí straitéiseacha a chothú m.sh. líonraí trasteorann a fhorbairt ar mhaithe le deiseanna nua a chruthú.

Gníomh 4.1.4
Leanúint de bheith ag cur comhoibriú chun tosaigh idir Rannán na Seirbhísí Cultúrtha agus Seirbhísí eile na Comhairle.

Gníomh 4.1.5
Leanúint de bheith ag neartú na nascanna idir na rannóga difriúla laistigh de Rannán na Seirbhísí Cultúrtha.

Aidhm 4.2

Iarracht a dhéanamh cloí leis na caighdeáin is airde dea-chleachtais náisiúnta agus idirnáisiúnta i ndáil le seachadadh seirbhísí cultúrtha.

Gníomh 4.2.1
Smaoineamh ar shlite le haiseolas a fháil ó úsáideoirí seirbhísí, m.sh. trí úsáid a bhaint as líonraí pobail agus earnála.

Gníomh 4.2.2
Creidiúnú iomlán a bhaint amach ón Chomhairle Oidhreachta i Scéim na gCaighdeán Músaem.

Gníomh 4.2.3
Comhoibriú le heagraíochtaí seachtracha ar mhaithe leis na caighdeáin cartlainne atá ann a thabhairt suas chun dáta agus caighdeáin úra a fhorbairt chun a bheith in oiriúint don dea-chleachtas reatha.

Gníomh 4.2.4
Oibriú i dtreo na gcaighdeán atá ag Cumann Leabharlann na hÉireann a bhaint amach agus a fheabhsú.

Gníomh 4.2.5
Seimineáir agus ceardlanna a eagrú agus freastal ar sheimineáir agus ceardlanna a chuireann dea-chleachtas chun tosaigh.

Gníomh 4.2.6
Athbhreithniú a dhéanamh ar dhoiciméid chomhairliúcháin agus moltaí a dhéanamh ina leith ag leibhéil náisiúnta, réigiúnacha, trasteorann agus áitiúla.

Gníomh 4.2.7
Féachaint le comhpháirtíochtaí foirmeálta a chruthú le páirtithe leasmhara Bhord Forbartha an Chontae, m.sh. eagraíochtaí Stáit, chun tábhacht na Leabharlann, na hEalaíon, an Músaeim, na Cartlainne, agus na hOidhreachta, agus riachtanais chultúrtha an Chontae a chur chun cinn.

líonraí earnála
sectoral networks

Gníomh 4.2.8
Dóthain acmhainneachta a fhorbairt le bheith ábalta clár úrnua cónaitheach a chur ar fáil d'ealaíontóirí agus do dhea-chleachtóirí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Gníomh 4.2.9
Déanfaidh an tlonad Cultúrtha Réigiúnach eagrú ar chlár nuálach do na dearcealaíona, na meáin dhigiteacha, don cheol, don scannánaíocht agus don scríbhneoireacht chruthaitheach, a bheas ar na caighdeáin idirnáisiúnta is airde, i gcomhair a lucht éisteachta/féachana ar fud an chontae agus go réigiúnach.

Gníomh 4.2.10
Na míreanna Taighde agus Forbartha, Sainsaothar Comhthéacsach agus Ealaíontóirí Cónaitheacha, atá leagtha síos i bPolasaí agus Straitéis d'Ealaín Poiblí i nDún na nGall – 'Making Shapes' – a chur i bhfeidhm go hiomlán.

Gníomh 4.2.11
Polasaí agus clár taifead agus comhad a chur le chéile do na húdaráis áitiúla agus moltaí a chur i bhfeidhm ar bhonn céimnithe.

Aidhm 4.3

Timpeallacht chuiditheach a chruthú d'ealaíontóirí sa dóigh go dtig leo saothar ealaíon úrnua a chruthú.

Gníomh 4.3.1
Forbairt a dhéanamh ar chlár cuimsitheach de Choimisiúin, ar mhaithe le saothar ealaíon nua a chruthú.

Gníomh 4.3.2
Deiseanna a chur ar fáil do thograí nuálacha comhoibrithe idir ealaíontóirí, grúpaí ealaíon agus grúpaí pobail.

Sprioc 4

Measúnú Feidhmíochta

Déanfar an dul chun cinn i mbaint amach na sprice seo a mheas trí úsáid a bhaint as táscairí, iad seo a leanas ina measc:

- Rannchuidiú le taighde agus nuáil
- Feabhsúcháin chórasach curtha i bhfeidhm ar chumarsáid laistigh den rannán
- Comhpháirtíochtaí straitéiseacha bunaithe
- Fiontair chomhoibritheacha bunaithe idir na Seirbhísí Cultúrtha agus seirbhísí eile Chomhairle Contae Dhún na nGall
- Líon na dtionscnamh ina bhfuil rannóga éagsúla de na Seirbhísí Cultúrtha ag comhoibriú
- Creidiúnú iomlán bainte amach faoi Scéim na gCaighdeán Músaem
- Caighdeáin Chumann Leabharlann na hÉireann bainte amach
- Líon agus réimse na gcomhairliúchán ar chuidigh an Rannán leo
- Líon na gcomhpháirtíochtaí bunaithe le páirtithe leasmhara Bhord Forbartha an Chontae
- Clár cónaitheachta nua ar bun d'ealaíontóirí
- Polasaí do Bhainistíocht Annála curtha in áit
- Clár Coimisiún Saothracha Ealaíne bunaithe

sainsaothar comhthéacsach
context specific

ar bhonn céimithe
on a phased basis

rannchuidiú le
contribution to

bainistíocht annála
records management

Sprioc 5

Tábhacht an chultúir a chur chun cinn agus an oidhreacht chultúrtha a Chaomhnú

Aidhm 5.1

Cultúr agus oidhreacht Chontae Dhún na nGall a chosaint

Aidhm 5.2

Cultúr agus oidhreacht Chontae Dhún na nGall a chur in iúl

Aidhm 5.3

Na straitéisí reatha, maraon le pleananna don todhchaí, a chur i bhfeidhm

Aidhm 5.4

Leibhéal ard feasachta agus tuisceana ar chleachtas cultúrtha comhaimseartha agus ar na healaíona traidisiúnta, a chur chun cinn.

Aidhm 5.1

Cultúr agus oidhreacht Chontae Dhún na nGall a chosaint

Gníomh 5.1.1
Cur chun cinn, forbairt agus caomhnú a dhéanamh ar na Staidéir Áitiúla ar fud líonra Leabharlann an Chontae.

Gníomh 5.1.2
Straitéis 'Cúram an Bhailiúcháin' agus 'Polasaí Diúscartha' a chur le chéile agus a chur i bhfeidhm don Mhúsaem.

Gníomh 5.1.3
Clár caomhantais na n-ábhar cartlainne agus bailiúcháin na nuachtán áitiúil a leathnú.

Gníomh 5.1.4
Eagrú agus seachadadh a dhéanamh ar Chlár um Ealaíona Traidisiúnta tríd an tSeirbhís Ealaíon sa Chontae, an tlonad Cultúrtha Réigiúnach agus tríd an Chlár d'Ealaín Poiblí.

Gníomh 5.1.5
Seirbhís Ealaíon an Chontae, an tlonad Cultúrtha Réigiúnach agus an Clár d'Ealaín Poiblí le mír cláir ar leith do na healaíona comhaimseartha a fhorbairt, bunaithe ar na healaíona traidisiúnta nó ar ghnéithe díobh.

Gníomh 5.1.6
Comhoibriú le páirtithe leasmhara ábhartha chun tograí trí mheán na Gaeilge a fhorbairt.

Gníomh 5.1.7
An coincheap d'*ómós áite* a fhorbairt, rud a chuideoidh le mothú folláine, bród agus sochar sóisialta.

Aidhm 5.2

Cultúr agus oidhreacht Chontae Dhún na nGall a chur in iúl

Gníomh 5.2.1
Seimineáir agus ceardlanna a eagrú ar mhaithe le dea-chleachtas a chur chun cinn i mbainistíocht, i gcothabháil agus i gcúram na hoidhreachta i gContae Dhún na nGall.

Gníomh 5.2.2
Dul i mbun feachtas léachtóireachta, seimineáir, turais allamuigh agus cás-staidéir ar oidhreacht agus stair Chontae Dhún na nGall.

Gníomh 5.2.3
Feasacht ar chultúr agus ar cheisteanna cultúrtha a ardú a bhuí do chur chun tosaigh leanúnach ar Sheachtain na hOidhreachta agus imeachtaí téamacha eile.

Gníomh 5.2.4
Polasaí i gcomhair catalógú céimnithe a dhéanamh ar bhailiúcháin na Cartlainne a chruthú agus a chur i bhfeidhm.

Gníomh 5.2.5
Tacú le foilseacháin ábhartha ar stair agus ar chultur Dhun na nGall.

Gníomh 5.2.6
Leanúint de bheith ag forbairt straitéis leitheadach faisnéise agus feasachta do na healaíon comhaimseartha agus traidisiúnta - suíomh gréasáin, foilseacháin théamacha, comhdhálacha agus seimineáir san áireamh.

polaisí diúscartha
disposal policy

páirtithe leasmhara ábhartha
relevant stakeholders

céimnithe
on a phased basis

straitéis leitheadach
comprehensive strategy

rannchuidiú tugtha
contributuions made

Aidhm 5.3

Na straitéisí reatha, maraon le pleananna don todhchaí, a chur i bhfeidhm

Gníomh 5.3.1
Plean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall a ullmhú agus a chur i bhfeidhm i gcomhar leis an Fhóram Oidhreachta.

Gníomh 5.3.2
Making Shapes1 Public Art in Donegal, 2006 – 2010, a chur i bhfeidhm.

Gníomh 5.3.3
Straitéisí eile atá ábhartha do ábhar cartlainne, do na healaíona, don oidhreacht, don mhúsaem agus do na leabharlanna a chur i bhfeidhm

Gníomh 5.3.4
Cuidiú, nuair atá a leithéid oiriúnach, le forbairt stráitéisí d'eagraíochtaí eile.

Sprioc 5

Measúnú Feidhmíochta

Déanfar an dul chun cinn i mbaint amach na sprice seo a mheas trí úsáid a bhaint as táscairí, iad seo a leanas ina measc:

- Forbairt agus cur i bhfeidhm déanta ar an Straitéis um Chúram an Bhailiúcháin don mhúsaem
- Forbairt agus cur i bhfeidhm déanta ar Pholasaí Diúscartha don mhúsaem
- Méid d'ábhar cartlainne a bhfuil micreascannánú déanta air
- Forbairt agus cur i bhfeidhm déanta ar chlár caomhantais céimnithe don ábhar cartlainne
- Seachadadh déanta ar Chlár sna hEalaíona Traidisiúnta
- Forbairt déanta ar chlár sna healaíona comhaimseartha a bheas eolasach ar na healaíona traidisiúnta
- Líon agus réimse na seimineár dea-chleachtais tugtha ar oidhreacht
- Rannchuidiú tugtha ag ball foirne na Rannáin d'fhoilseacháin
- Cur i bhfeidhm déanta ar Phlean Oidhreachta don Chontae
- Cur i bhfeidhm déanta ar *Making Shapes 1*
- Cur i bhfeidhm déanta ar straitéisí ábhartha eile
- Ionchur déanta i bhforbairt tionscadail turasóireachta.

ionchur
input

'Togáil Sos ag Cnoc Fola'. Grúpa a ghlac páirt i seiminéar de chuid Oifig Oidhreachta Chomhairle Chontae Dhún na nGall ar thabhairt fán *Suirbhe ar Bhallaí Clocach fá gContae Dhún na nGall*. Sa phictiúr fosta tá Patrick McAfee, máistir saor choiche, an tíreolaí Johnathan Bell agus an geolaí Malcolm McClure. Griangraf: Joseph Gallagher

Cuid 6
Cás-Staidéir

Cuid 6
Cás-Staidéir

Roghnaíodh na cás-staidéir seo a leanas le léargas a thabhairt ar an réimse gníomhaíochtaía bhfuil Rannán na Seirbhísí Cultúrtha ina mbun. Taispeánann siad an cur chuige a ghlactar chun sárú a fháil ar na fadhbanna a chastar sa bhealach ar sheachadadh seirbhísí agus imeachtaí d'ardchaighdeán chuig pobail scaipthe. Lena chois sin, léiríonn siad an cur chuige nuálach a úsáideann na seirbhísí chun an méid is mó agus is féidir de lucht féachana/éisteachta a mhealladh. A bhuí de bheith ag déanamh cur i bhfeidhm orthu seo, maraon le tograí eile, tá taithí luachmhar faighte ag ball foirne Rannán na Seirbhísí Cultúrtha ar an dóigh is fearr le comhoibriú go héifeachtach le heagraíochtaí eile agus ar na loighistic a bhaineann le bainistíocht togra.

- **Taobh Tíre**
  seirbhís leabharlainne níos fearr do phobail scoite tuaithe
- **Taispeántas Taistil ar an Chéad Chogadh Domhanda**
  before i joined the army, i lived in donegal
- **Pacaí Macasamhlacha Cartlainne**
  acmhainn do bhunscoileanna
- **An tIonad Cultúrtha Réigiúnach**
  toghra suntasach cultúrtha de chuid comhairle chontae dhún na ngall
- **Wainfest**
  ina n-áirítear Seachtain Léitheoireachta na bPáistí
- **Imeacht na nIarlaí**
  clár chuimhniúcáin chothrom 400 bhlian, 1607-2007

cur chuige nuálach
innovative approach

a bhuí de bheith
by reason of

Taobh Tíre
seirbhís leabharlainne níos fearr do phobail scoite tuaithe

Is tionscadal taighde gnímh atá i dTaobh Tíre a reáchtálann Comhairle Chontae Dhún na nGall i gcomhar leis An Chomhairle Leabharlanna faoi Chlár Taighde na Leabharlann Poiblí. Tugann Taobh Tíre aghaidh ar théama atá coitianta do mhórán contaetha in Éirinn, sé sin freastal ar phobail bheaga scoite nach bhfuil mór go leor faoi choinne brainsleabharlann lánaimseartha a lonnú iontu. Ar aon dul leis na gníomhaíochtaí i gClár Taighde na Leabharlann Poiblí, tá Comhairle Chontae Dhún na nGall ag leanúint de chlár oibre de sheirbhísí iniatachta cultúrtha, mar atá léirithe sa phlean straitéiseach deireanach, *Saol agus Saoithiúlacht*, ina bhfuil sé luaite go gcuirfidh Comhairle Chontae Dhún na nGall dóigheanna úra i bhfeidhm chun freastal ar phobail bheaga. Chomh maith leis sin, tá cothú na bpobal tuaithe ina thrasthéama i ndoiciméad straitéise Bhord Forbartha an Chontae, *An Straitéis.*

Tá foireann an tionscadail ag obair ar bonn píolótach i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara áitiúla, tograí forbartha pobail, ionaid acmhainne teaghlaigh, comhlacht tráchtála, tionscnamh taistil tuaithe agus le gníomhaireachtaí eile. Cé go bhfuil an tionscadal píolótach lonnaithe i nDún na nGall, beidh na torthaí ábhartha do phobail scoite i ngach cearn d'Éirinn. Cuireann Taobh Tíre seirbhís leabharlainne ar fáil ó ghréasán de phointí seirbhíse.

Is éard atá i gceist ag pointe seirbhíse ná bailiúchán beag samplach leabhar maraon le ríomhaire amháin, ar a laghad, trína bhfuil fáil ar an Idirlíon, ceangal ar ndóigh a thugann rochtain ar chatalóg ar-líne na leabharlainne. Cuireann sé seo ar chumas na mball ábhair leabharlainne a chur in áirithint ón chatalóg agus iad a fháil seachadta díreach chuig an pointe seirbhíse Taobh Tíre is cóngaraí dóibh chomh luath is atá siad infhaighte. De ghnáth, bíonn na pointí seirbhíse lonnaithe in ionaid pobail, i gcomharchumainn agus i spásanna phoiblí eile, le foireann ón phobal áitiúil ag obair iontu.

Le cois rochtain ar leabhair a sholáthar, tá forbairt déanta ag an tionscadal ar a sheirbhísí ar-líne. A bhuíochas do shuíomh gréasáin na leabharlainne, tá baill in ann a theacht ar réimse bunachair sonraí saor in aisce ar-líne. Tugann na bunachair sonraí seo rochtain ar fhoclóirí, ciclipéidí, teasárais, nuachtáin, faisnéis ghnó agus go leor eile atá ar-líne. Mura bhfuil baill ábalta an t-eolas atá siad a lorg a fháil ar na bunachair sonraí ar-líne, is féidir leo teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an tseirbhís leabharlainne tríd an tseirbhís *Ask A Librarian.*

Tá ceithre phointe dhéag seirbhíse bunaithe ag Taobh Tíre i measc na bpobal scoite tuaithe ar fud Dhún na nGall, ina n-áirítear dhá cheann ar na hoileáin amach ón chósta agus dhá phointe uirbeach i Leitir Ceanainn.

Tá an tseirbhís a chuireann Taobh Tíre ar fáil ina gné thábhachtach le hinbhuaine na bpobal beag a chinntiú maraon le seirbhísí a chur ar fáil don phobal mór leitheideach go cóir cothrom.

Mic léinn ag ligint scíth ag an tionad Taobh Tíre in Áras Sheáin Bháin, Baile na Finne.
Griangraf: An tSeirbhís Leabharlainne

Taispeántas Taistil ar an Chéad Chogadh Domhanda
before i joined the army, i lived in donegal

éadann an chogaidh
the frontline

eispéireas
experiences

Sa bhliain 2001, d'eagraigh an Músaem taispeántas dar teideal *Before I Joined the Army I Lived in Donegal – Donegal and the First World War*. Bhí suim mhór ag an phobal, idir áitiúil agus náisiúnta, sa taispeántas seo agus beartaíodh taispeántas taistil bunaithe ar a mhacasamhail de théama a chruthú. Bhí an taispeántas deartha sa dóigh go mbeadh sé iniompartha go furast agus go bhféadfaí é a thaispeáint i réimse leathan d'ionaid éagsúla ar fud na hÉireann, ionaid nach mbeadh fáil acu de ghnáth ar thaispeántais Músaeim. Mar chuid den taispeántas, rinneadh coimisiniú speisialta ar DVD ar a raibh píosaí scannáin ón Imperial War Museum agus ó Pathe News.

Insíonn an taispeántas scéal na bhfear agus na mban ó Chúige Uladh a bhí páirteach sa Chéad Chogadh Domhanda agus leagtar béim ar fhíricí an tsaoil ar éadan an choghaidh agus sa bhaile le linn na tréimhse sin. Cuireann sé síos fosta ar eispéireas na saighdiúirí nuair a d'fhill siad abhaile ón Chogadh agus ar an stair chonspóideach a bhaineann le comóradh an Chogaidh in Éirinn.

Fuair an tionscadal tacaíocht ó Thascfhórsa Chomhairle Contae Dhún na nGall faoi Chlár an AE, Peace II, agus páirtmhaoiniú ó Rialtas na hÉireann faoin Phlean Forbartha Náisiúnta. Fuarthas tacaíocht ón Chomhairle Oidhreachta don DVD.

Seoladh an taispeántas i mí Eanáir 2006 agus tugadh chuig ionaid éagsúla é, ina measc Ionad Acmhainne Bhaile Suingean/An Carraigín, an tIonad Cartlainne, Leifear; Músaem an Túir, Doire; Ionad Oidhreachta an Somme, Músaem an Royal Inniskilling Fusiliers, Inis Ceithleann; chuig leabharlanna faoi chúram Sheirbhís Leabharlainne na Mí, go Leabharlann an Phiarsaigh, Baile Átha Cliath, go Dhún Dealgan agus chuig Scoil Shamhraidh agus Seachtain Ealaíne Phádraig Mhic a'Ghoil, ar Na Gleanntaí.

Grúpa earcaigh chuig an 11ú Cathlán d'Fhórsa Óglaigh Uladh, ag Campa Finner, taobh le Béal átha Seanaigh, circa 1915. Úsáideadh an tíomhá seo san taispeántas taistil fá dtaobh den gCéad Cogadh Domhanda, *Before I Joined the Army, I Lived in Donegal*, de chuid Músaem Chontae Dhún na nGall, 2006. Griangraf ©Músaem Chontae Dhún na nGall

Pacaí Macasamhlacha Cartlainne
acmhainn do bhunscoileanna

pacaí macasamhlacha
facsimile packs

Rinneadh píolótú i ndeich scoil ar an togra do na Pacaí Macasamhlacha Cartlainne sa bhliain 2006. Rinne An Chomhairle Oidhreachta é a pháirtmhaoiniú.

De réir Churaclam Staire nua na mBunscoileanna, a leagann béim ar an ghá atá leis an pháiste 'a bheith ag obair mar staraí', caithfidh daltaí usáid a bhaint as foinsí bunúsacha.

Siocair teorannú spáis i seomra taighde na Seirbhíse Cartlainne, socraíodh gurbh é an dóigh ab fhearr, sa ghearrthéarma ar a laghad, leis an tseirbhís cartlainne a chur in aithne do scoileanna ná na hábhair cartlainne a thabhairt isteach sa tseomra ranga. Rinneadh é seo trí Phaca Scoile a fhorbairt, ag úsáid macasamhlacha d'ardchaighdeán d'ábhar cartlainne oiriúnach ó bhailiúchán Chartlainne an Chontae.

Tá sé mar aidhm ag an togra feasacht ar ábhar cartlainne áitiúil agus ar stair áitiúil a ardú trí ábhar cartlainne a chur in aithne do pháistí go luath ina n-óige, ar dhóigh nach gcuireann caomhnú na ndoiciméad i mbaol; agus cur ar chumas na múinteoirí an curaclam úr a theagasc agus iad ag úsáid na n-ábhar cartlainne sa tseomra ranga.

Istigh sa phaca tá macasamhlacha daite de dhoiciméid agus grianghrafanna ó bhailiúchán Chartlann an Chontae, maraon le bileoga oibre. Tá pacaí ar fáil do cheithre réigiún difriúil sa Chontae, le macasamhlacha de dhoiciméid ón Chartlann a bhaineann leis an réigiún ar leith. Áirithe sna doiciméid sin, tá sean-ghrianghrafanna agus grianghrafanna nua-aimseartha de bhailte, fógraí iarnróid agus grianghrafanna de thraenacha agus modhanna eile iompair, pleananna de thithe oibrithe, taifid scoile, sleachta as chláir Thithe na mBocht agus póstaeir iascaigh.

Cuidíonn na bileoga oibre, a bhaineann go díreach le míreanna éagsúla sa churaclam, leis na páistí scrúdú a dhéanamh ar fhianaise sna macasamhlacha, agus staidéar a dhéanamh ar réimse foinsí a chabhróidh lena dtuiscint ar an saol fadó, go háirithe ag leibhéal áitiúil. D'éirigh go hiontach maith leis an togra píolótach agus bhí ráchairt mhór ar chóipeanna den phaca. Léirigh cuid mhór scoileanna gur mhaith leo a bheith rannpháirteach sa togra agus, chun freastal ar an éileamh seo, d'ordaigh an tSeirbhís Cartlainne an dara rith cló de na pacaí.

Dearadh , de chuid Comhairle Dhúiche Inis Eoghain, fá coinne *Tithe do Oibríthe*, ón *Paca Cartlainne fá Coinne Bunscoileanna*. Griangraf: Cartlann an Chontae



An tIonad Cultúrtha Réigiúnach
toghra suntasach cultúrtha de chuid comhairle chontae dhún na ngall

tionscadal suaitheanta
flagship project

Tá an t-Ionad úr, ceann de na hionaid comhtháite ealaíon is breátha in Éirinn, tógtha béal dorais le hAmharclann an Ghrianáin i Leitir Ceanainn. Déanann an tIonad, a osclaíodh i samhradh na bliana 2007, coimisiniú agus cur i láthair ar ghníomhaíochtaí ealaíon de chaighdeán náisiúnta agus idirnáisiúnta do dhaoine áitiúla agus do chuairteoirí ar bhonn contae. Tá gailearaí taispeána ann, stiúideo cineama/amharclainn, trí sheomra ceardlainne ilchuspóracha, dhá sheomra do na meáin dhigiteacha agus dhá sheomra do réamhchleachtadh ceoil.

Fuarthas an maoiniú caipitil don tógáil ó roinnt foinsí éagsúla – An Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta (ACCESS), Interreg IIIA an AE, An Ciste Idirnáisiúnta d'Éirinn, An Chomhairle Ealaíon / An Bord Scannánaíochta, Comhairle Chontae Dhún na nGall agus Comhairle Baile Leitir Ceanainn.

Is tionscadal suaitheanta de chuid Chomhairle Contae Dhún na nGall é seo. Beidh an tIonad ag comhoibriú go dlúth le páirtithe leasmhara ábhartha, ie. Amharclann an Ghrianáin, Féile Ealaíne an Earagail, Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn (LYIT), agus an Nerve Centre, Doire. Ní tionscnamh úrnua ar fad atá i gceist leis an tIonad Cultúrtha Réigiúnach - is leanúint agus leathnú chuig foirgneamh nua atá ann ar Ionad Ealaíon Leitir Ceanainn a bhí lonnaithe roimhe seo sa Lárleabharlann.

Tá an tIonad ag leanúint ar aghaidh de bheith ag cur leis an chlár leathan gníomhaíochta a ndearna Ionad Ealaíon Leitir Ceanainn forbairt air don chontae le blianta beaga anuas. Ó tharla go ndíríonn sé go speisialta ar na dearcealaíona, beidh an tIonad ina phríomhionad acmhainne do na dearcealaíona i nDún na nGall. Beidh sé ag díriú fosta ar cheol, scannánaíocht, na meáin dhigiteacha agus scríbhneoireacht chruthaitheach. Tá béim ar theagmháil, oideachas agus rannpháirtíocht agus ar chláracha do pháistí agus don aos óg ar fud an Chontae. Leanfaidh an tIonad ag tógáil ar an chur chuige rathúil contae agus trasteorann a ghlac Ionad Ealaíon Leitir Ceanainn leis ó osclaíodh é sa bhliain 1995.

Osclaíodh an tIonad Cultúrtha Réigiúnach don phobail i lár an tsamhraidh, 2007. Griangraf: John Cunningham

Wainfest
ina n-áirítear Seachtain Léitheoireachta na bPáistí

taibheoirí
performers

Ar feadh coicíse i mí Dheireadh Fómhair gach uile bhliain, bíonn clár ar siúl i gContae Dhún na nGall ar a dtugtar Wainfest. Clár ina gcuireann údair, scéalaithe agus ealaíontóirí siamsaíocht ar fáil do ghrúpaí páistí i Leabharlanna, in ionaid Taobh Tíre, san Ionad Cultúrtha Réigiúnach agus i Músaem an Chontae. Tá sé mar aidhm ag an chlár grá don léitheoireacht, don scríbhneoireacht agus do ghníomhaíocht chruthaitheach a spreagadh i measc páistí agus daoine óga. Níl dóigh níos fearr le páistí a chur ag léamh agus ag déanamh gníomhaíocht chruthaitheach ná deis a thabhairt dóibh bualadh le húdair, ealaíontóirí agus le scéalaithe.

Is sampla maith den dóigh a dtig le cuairt údair spéis sa léitheoireacht a ghríosadh an chuairt a thug Darren Shan anseo. Tá iomrá mór le Darren Shan mar údar leabhar do pháistí. Le linn a chuairte go Dún na nGall, bhí na páistí go fonnmhar a cheistiú faoin dóigh a n-aistríonn sé a chuid smaointe go prionta, chomh maith leis an phróiseas iomlán atá i gceist le leabhar a chruthú. Gan aon dabht, cruthaíonn an cineál seo imeachta ceangal níos suntasaí le leabhair agus le léitheoireacht do na rannpháirtithe go léir.

Déanann foireann an Leabharlann agus foireann na nEalaíon comhordú ar eagrú agus ar chur chun tosaigh an chláir do Wainfest. Cuireann an Cúntóir Sinsearach Leabharlainne sa Lárleabharlann i Leitir Ceanainn, ealaíontóirí, údair agus taibheoirí eile in áirithint i neart ama roimh Dheireadh Fómhair. Lena chois sin, déanann sí na socruithe iompair agus lóistín do thaibheoirí ar cuairt. Cuireann na baill foirne san Ionad Cultúrtha Réigiúnach bróisiúr cuimsitheach le chéile agus is iad baill foirne na leabharlainne, i gcomhar le scoileanna agus réamhscoileanna, a dhéanann bainistiú ar na háirithintí do na himeachtaí ag leibhéal áitiúil.

Tá fás mór tagtha ar Wainfest ó bunaíodh é sa bhliain 1996, uair nach raibh ach taibheoir nó beirt ag teacht ar cuairt go Dún na nGall. Sa lá atá inniu ann, is clár mór gníomhaiochta atá i gceist, le himeachtaí ar siúl i ngach cearn den Chontae. Sa bhliain 2008, d'fhreastail 6,613 páiste ar 154 imeacht in 30 ionad ar fud an Chontae. Is í an fhéile seo an imeacht chultúrtha is mó, agus saor in aisce, i nDún na nGall do pháistí.

Grúpa daltaí bunscoile a bhain sult as an seó, *Catkin's Broom*, le Compántas Pignut, a chuireadh i láthair ag an Lárleabharlann i Leitir Ceanainn, mar chuid de Wainfest 2005. Graingraf: An tSeirbhís Leabharlainne

taiscéaladh
exploration

suiteála
installations

Dheineadh cuimhniúcán ar chothrom 400 bhlian d'Imeacht na nIarlaí le linn 2007. Chun an ocáid iontach tábhachtach seo i stair na hÉireann a aithint, rinne Comhairle Chontae Dhún na nGall agus Bord Forbartha an Chontae comh-ordú ar chlár chuimhniúcáin i nDún na nGall agus i sraith lárionaid éagsúla in Iar Thuaisceart na tíre.

An Clár Leabharlainne

Chuir Michael Moylan (*History Live*) seó úrnua bunaithe ar Imeacht na nIarlaí i láthair mar chuid de chlár bliantúil Wainfest. D'fhreastail 839 páiste ar an seó in 13 leabharlann agus in ionaid Taobh Tire ar fud an Chontae. Thug an clár idirghníomhach sásamh mór do na páistí; chaith siad a gcuid ama ag cur orthu éadaí agus armúr ó 1607 agus ag foghlaim fá longa, fá chogaí agus fá na dúshláin a bhí os comhair na ndaoine a mhair in aimsir Imeacht na nIarlaí.

I gcuid de na leabharlanna, bhí léachtaí ar siúl ar théamaí a bhain le hImeacht na nIarlaí, ina measc *Rory O'Donnell and The Flight of the Earls* le Darren McGettigan agus *The Impact of Bishop Niall O'Boyle and The Montgomerys on Events leading up to The Flight of The Earls*, le Helen Meehan.

Thug Leabharlann Phobail Bhaile na nGallóglach cuireadh do Choláiste na Maoile Ruaidhe leabhar a chruthú fá scéal Imeacht na nIarlaí. Bhí múinteoirí, daltaí agus foireann na leabharlainne rannpháirteach san fhiontar seo as a dtáinig leabhar 30 leathanach, *The Flight* , atá maisithe le léaráidí áilne. Bhí an togra seo ina shlí thábhachtach le taiscéaladh a dhéanamh ar an am a chuaigh thart agus le tuiscint a fháil air, agus tá an leabhar féin ina acmhainn luachmhar do mhic léinn a bheadh ag déanamh staidéir ar Imeacht na nIarlaí.

An Clár Ealaíne

I measc bhuaicphointí chlár na Seirbhíse Ealaíon, bhí Paráid théamach an Charnabhail eagraithe ag Carnabhal Pobail na gCealla Beaga agus rinneadh coimisiniú speisialta ar bheoléiriúchan ceoil agus piriteicnice ag Cuan na gCealla Beaga, le Walk the Plank, ag comóradh aistir na nIarlaí tríd an Eoraip.

I Mainistreach na bProinsiasach i Ros Neamhlach, cuireadh ar siúl clár speisialta le comóradh a dhéanamh ar Imeacht na nIarlaí agus ar bhunú Choláiste na hÉireann sa Lováin araon, agus le linn Fhéile Bhá Dhún na nGall agus na gCruach Ghorm cuireadh an dráma, *The Dark Daughter* , le Soinbhe Lally ar shaol Finola 'An Iníon Dubh' Uí Dhomhnaill, ar stáitse don chéad uair riamh.

Bhí sraith iontach taispeántas, scannán agus suiteála ó Dhún na nGall, ón Astráil agus ó Stáit Aontaithe Mheiriceá ar siúl san Ionad Cultúrtha Réigiúnach faoin teideal, *Imirce agus an Diaspóra*. Cuireadh tuilleadh saothar ón sraith sin ar siúl i nGailearaí na Gléibe i Mín an Lábáin agus in Amharclann an Ghrianáin.

Bhí dhá léiriúchán mhór ar chlár an An Ghrianáin féin – comhléiriúchán ó Chompántas Amharclainne Oroborus ar *Making History*, le Brian Friel, agus léiriuchán iontach maith pobail, i gcomhar le Féile Ealaíne an Earagail, ar *The O'Neill*, le Thomas Kilroy.

I bhFéile Ealaíne an Earagail, léiríodh an comóradh trí shúile imircigh ó Oirthear na hEorpa go Stáit Aontaithe Mheiriceá sa seó, *Sclavi: Song of an Immigrant*, a chuir an compántas Seicslóvacach, Farm In The Cave, ar stáitse. Ba í an Fhéile seo fosta a bhí freagrach as cur i lathair a dhéanamh ar cheann de na tograí chomórtha a ba mhó, sé sin an seó stairiúil, *The Exiles Return*, i Ráth Maoláin ar an 15ú Meán Fómhair, ina raibh Grúpa Carnabhail Inis Eoghain, comhlacht Walk The Plank agus Carnabhal Pobail na gCealla Beaga rannpháirteach.

dianchúrsa for rochtana
extensive outreach projects

Ceolfhoireann Aireagail na hÉireann
Irish Chamber Orcherstra.

saindhearadh speisialta
special design

painéil léirmhíniúcháin
interpretive panels

Rinne Clár na Comhairle um Ealaín Phoiblí coimisiniú ar dhá ollshaothar dealbhóireachta – saothar *Imeacht na nIarlaí*, le John Behan, i Ráth Maoláin agus dealbh d'Aodh Rua Ó Domhnaill, le Maurice Haran, ar Ché Bhaile Dhún na nGall. Lena chois sin, chuir an Clár um Ealáin Phoiblí sraith ceolchoirmeacha, darb ainm *One Less Petal, One Less Flame,* i láthair in Eaglais Naomh Peadar, Baile na nGallóglach. D'eascair na ceolchoirmeacha seo as dianchúrsa for-rochtana i gceol agus i scríbhneoireacht chruthaitheach do scoileanna, inar ghlac na bunscoileanna agus na scoileanna dara leibhéal go léir i Leithinis Fhánada páirt ann faoi stiúir na scríbhneoirí Kate Newmann agus Cathal Ó Searcaigh, na ceoltóirí Elaine Agnew agus Tommy Peoples agus Ceolfhoireann Aireagail na hÉireann.

Clár an Mhúsaem agus na Cartlainne.

I gcomhar le Seirbhís Oidhreachta agus Mhúsaem Chomhairle Cathrach Dhoire, d'ullmhaigh Músaem agus Cartlann Chontae Dhún na nGall taispeántas mór dar teideal, *From Leaders to Exile: The Flight of the Earls* , a cuireadh ar taispeántas i Músaem an Chontae ar feadh sé mhí agus foilsíodh leabhrán le ghabháil leis. Mar chuid den taispeántas fosta, rinneadh saindhearadh speisialta ar chluiche oideachasúil agus ar chosán gníomhaíochta do pháistí óga. Eagraíodh sraith ceardlann oideachais bunaithe ar théama Imeacht na nIarlaí do bhunscoileanna. Baineadh úsáid as na painéil léirmhíniúcháin ón taispeántas mar chuid de thaispeántas taistil a thug camchuairt ar ionaid i dTuaisceart Éireann, ina measc Doire, Dún Geanainn, Inis Ceithleann agus An Ómaigh. Chomh maith leis sin, tugadh an taispeántas go dtí an Róimh, go Basel agus go Zurich siocair go bhfuarthas cuireadh ó ambasáidí na hÉireann san Iodáil agus san Eilvéis.

Chuir Cartlann Chontae Dhún na nGall paca do Staidéar Cáipéise le chéile do dhaltaí dara leibhéal ar Imeacht na nIarlaí. Istigh sa phaca seo, tá stair maisithe den tréimhse ó Chogadh na Naoi mBliana go dtí an tréimhse iar na hImeachta, beathaisnéis na bpríomhcharachtar a bhí páirteach, macasamhlacha d'ábhar cartlainne ábhartha ó institiúidí cartlainne agus leabharlanna éagsúla, bileoga oibre agus gluais. Dáileadh an paca seo ar scoileanna ar fud na tíre, thuaidh agus theas, ar institiúidí cultúrtha na hÉireann agus ar pháirtithe leasmhara sa bhaile agus thar lear, agus ar ambasáidí. Chuir Cartlann an Chontae, i gcomhar le hIonad Oideachais Bhaile Dhún na nGall, paca den chineál céanna ar fáil do dhaltaí bunoideachais.

Radharc ón dráma , *The O'Neill* , le Thomas Kilroy a chuireadh ar stáitse ag Amharclann an Ghrianáin agus Féile Ealaíne an Earagail, mar chuid den clár chuimhniúcáin a dheineadh fá coinne Chothrom 400 bhlian d'Imeacht na nIarlaí, le linn 2007.
Griangraf: Declan Doherty

Dragún de chuid An Parthalon Street Band, ag Carnabhal Bhéil Átha Seanaidh, Féile na gCruacha 2005. Griangraf: Matt Britton



Aguisíní

Aguisín 1:
Bonneagair na Seirbhísí Cultúrtha



Aguisín 2:
Clár For-rochtana na Seirbhísí Cultúrtha 2007-2008



Aguisín 3:
Clár Tógála Caipitil do na Seirbhísí Cultúrtha 2009 - 2014

Phléigh agus chinntigh an Choiste um Pholaisí Straitéiseach (SPC) na toghraí tosaíochta do Chlár Tógála Chomhairle Chontae Dhún na nGall ar an 30ú Aibreán, 2007. Mhol Comhairle Chontae Dhún na nGall dul ar aghaidh leis na toghraí seo iar sin.
Thugadh liosta de cheathrar príomh tosaíocht – luaite thíos - don Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Aitiúl tar éis dóibh glaoch a chur amach i mhí Mheán Fómhair 2008, fá coinne tairiscintí a sheoladh chucu.

Leabharlanna

Leabharlann Phobail Bhaile Dhún na nGall	Iarratas seolta isteach
Ceannáras na Seirbhísí Cultúrtha	Iarratas á fhorbairt
Leabharlann Phobail Bhealach Féich/Srath an Urláir	Iarratas á fhorbairt
Feabhsúchán ar an Lárleabharlann	Leathnú móide úsáid an bhonnurláir
Leabharlann Phobail Ghaoth Dobhair	Comhthionscadal le hÚdarás na Gaeltachta
Leabharlann Phobail na nGleanntach	Seanstáisiún an Bhriogáid Dóiteáin oiriúnach
Leabharlann Phobail Chloich Cheann Fhaola	Suíomh féideartha a fhiosrú

D'fhéadfadh veain úr seachadta leabharlainne a bheith de dhíth sna cúig bliana amach romhainn.

Ó tharla nach bhfuil maoiniú ón Roinn ar fáil, den mhórchuid, ach do bhailte ina bhfuil daonraí de 1,500 duine nó níos mó, beifear ag leanúint suas foinsí eile maoiniúcháin de réir mar a nochtann deiseanna ar mhaithe leis na foirgnimh leabharlainne atá ann a fheabhsú, nó leabharlanna úra a bhunú, i mbailte le daonraí níos lú.
Is slí mhalartach iad na pointí for-rochtana atá ag Taobh Tíre le seirbhísí leabharlainne a chur ar fáil do phobail scoite tuaithe. Tá dornán áiteanna ar fud an Chontae a d'fhéadfadh bheith fóirsteanach do phointí Taobh Tíre. Cuirfear iad seo san áireamh nuair a bheas na moltaí i dtuarascáil dheiridh Taobh Tíre ar fáil, agus de réir mar a chuirtear go leor acmhainní ar fáil.

Ealaíona/Músaem/Cartlann/Oidhreacht

Síneadh le Músaem an Chontae	Maoiniú le lorg
Ionad na Cartlainne	Pleanáilte mar chuid de Phas II d'Áras an Chontae
Ionad na dTaifead	Pleanáilte mar chuid de Phas II d'Áras an Chontae
Teach Chathail Uí Shearcaigh	An obair ar an áis phoiblí a chríochnú

Inrochtainecht

Tá sé mar aidhm ag Comhairle Chontae Dhún na nGall go mbeidh na foirgnimh óna gcuirtear a cuid seirbhísí ar fáil go hiomlán inrochtana, agus murar féidir foirgnimh a thabhairt go leibhéal inghlactha, d'fhéadfaí foirgnimh eile a lorg de réir a chéile. Caithfidh na foirgnimh leabharlainne go léir a bheith lonnaithe go hoiriúnach le cois a bheith inrochtana.

Maoiniúchán

Beidh Rannán na Seirbhísí Cultúrtha ag tóiríocht iomlán deiseanna féideartha maoiniúcháin ar mhaithe leis an clar caipitil atá glactha leis a sheachadadh. Beidh comhairle agus sainoilteacht an Rannáin Pobail agus Fiontair thar a bheith luachmhar ó thaobh réimse casta na gclár maoiniúcháin atá i gcónaí ag athrú.

toraí tosaíochtaí
priority projects

slí malartach
an alternative means

Aguisín 4:
Baill d'Fhoram Chultúrtha Bord Forbartha an Chontae

Mr. Adrian Kelly
Oifig na hOibreacha Poiblí
Gailearaí agus Teach an Ghléib

Ms. Aideen Doherty
Comhairle Chontae Dhún na nGall
Rannán Pobail agus Fionraíochta

Ms. Aisling Lynch
Bord Fionntair Chontae Dhún na nGall
Oifig Forbartha Ceardíochta

Ms. Ann Marie Crosse
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Rannóg Chothú Sláinte, FSS an Iarthar.

Mr. Conor Malone
Grúpa Pobalealaín Forbairteach an Bhalor
Ionad Ealaíne an Bhalor

Ms. Denise McCool
Páirtnéireacht Inis Eoghain

Gráinne Ní Ghallchóir
An Roinn Ghnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, Doire Beag.

Ms. Eileen Burgess
Comhairle Chontae Dhún na nGall
Seirbhís Leabharlainne, Rannán na Seirbhísí Cultúrtha

Ms. Geraldine McHugh
Comhairle Chontae Dhún na nGall
Seirbhís Leabharlainne, Rannán na Seirbhísí Cultúrtha

Mr. Hugh Friel
Toghra Lucht Siúil Chontae Dhún na nGall

Mr. John Cunningham
Comhairle Chontae Dhún na nGall
An tIonad Cultúrtha Réigiúnach, Rannán na Seirbhísí Cultúrtha

Mr. Joseph Gallagher
Comhairle Chontae Dhún na nGall
An Oifig Oidhreachta, Rannán na Seirbhísí Cultúrtha

Ms. Judith McCarthy
Comhairle Chontae Dhún na nGall
Músaem Chontae Dhún na nGall, Rannán na Seirbhísí Cultúrtha

Máire Áine Gardiner
Fáilte Ireland an Iar Thuaisceart
Oifig Réigiúnach Leitir Ceanainn

Mícheál Uas. Ó Fearraigh
Údarás na Gaeltachta, Doire Beag.

Dr. Martin Gormley
Coiste Ghairmoideachais Chontae Dhún na nGall
Oifig an Oideachais d'Aosaigh

Mr. Martin Regan
Coillte Teoranta Bord Foraoise Éireann

Ms. Mhairi Sutherland
Ealaíontóir, Buncranncha

Mícheál Uas. Ó hÉanaigh
Comhairle Chondae Dhún na nGall
Stiúrthóir Sheirbhísí, An Stiúrthóireacht Pobail, Cultúir is Fionntair

Mr. Michael Ferry
Foras Áisínteacht Saothar (FÁS)

Anna Bean Uí Laifeartaigh
Meitheal Forbairt na Gaeltachta (MFG)

Ms. Niamh Brennan
Comhairle Chontae Dhún na nGall
Seirbhís Cartlainne, Rannán na Seirbhísí Cultúrtha

Mr. Pat Campbell
Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn
An Roinn Dhearaidh is na Meán Cruthaitheacha

Ms. Nuala McGarrigle
Foras Áisínteacht Saothar (FÁS)

Ms. Patricia McBride
Amharclann an Ghrianáin

Ms. Elaine Forde
Artlink, Buncranacha

Mr. Mickey Mullan
Pobalfóram Chontae Dhún na nGall

Ms. Terre Duffy
Comhairle Chontae Dhún na nGall
Oifig Ealaín Poiblí, Rannán na Seirbhísí Cultúrtha

Traolach Uas. Ó Fionnáin
Comhairle Chontae Dhún na nGall
Seirbhís Ealaíne, Rannán na Seirbhísí Cultúrtha

Ms. Una Campbell
An Gailearaí, Falcarragh.

Ms. Nollaig Crombie
Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn
An Roinn Dhearaidh is na Meán Cruthaitheacha

Ms. Helen McNutt
Comhairle Chontae Dhún na nGall
Seirbhís Leabharlainne, Rannán na Seirbhísí Cultúrtha

Diarmuid Uas. Ó Mórdha
An Roinn Ghnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, Doire Beag.

Ms. Anne McClean
Toghra Lucht Siúil Chontae Dhún na nGall

Mícheál Uas. MacAoidh
Ealaín na Gaeltachta, Doire Beag.

Mr. Shaun Hannigan
Comhairle Chontae Dhún na nGall
Ionad Chultúrtha Réigiúnach, Rannán na Seirbhísí Cultúrtha